




Údaráís Áitiúla Lú
Louth Local Authorities



Tuarascáil
Bhliantúil

2011



Tuarascáil Bhliantúil 2011

CLÁR

Comhóráid ón mBainisteoir Contae agus ón gCathaoirleach/Méara	2
Toghcheantair	3
Baill Chomhairle Contae Lú 2011	4
Baill Chomhairle Baile Dhún Dealgan	6
Baill Chomhairle Buirge Dhroichead Átha	7
Baill Chomhairle Bhaile Átha Fhirdhia	8
Foireann Shinsearach Údaráis Áitiúla Lú	9
Gnóthaí Corparáideacha	10
Tithíocht i bPobail	18
Iompar & Muirí	26
Uisce, Comhshaol agus Seirbhísí Éigeandála	28
Forbairt Gheilleagrach	35
Geata Réigiúnach	38
Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht	41
Daonlathas Áitiúil	50
Táblaí & Aguisíní	52
- Príomhtháscairí Feidhmíochta	52
- Figiúirí Airgeadais	65
- Taifead Freastail na mBall ar Chomhdhálacha	69
- Íocaíochtaí le Baill as cruinnithe, coistí, íocaíochtaí ionadaíochta srl.	73
- Ionadaíocht ar SPC/MPCanna, srl.....	74

RÁITEAS MISIN

“Chun ceannaireacht a sholáthar agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a sheachadadh do mhuintir Lú”



Tír na bhFinscéalta

Comhóráid ón mBainisteoir Contae agus ón gCathaoirleacht/Méara.



Conn Murray
Bainisteoir Contae
Údaráis Áitiúla Lú



Oliver Tuohy
Cathaoirleach
Comhairle Contae Lú



Marianne Butler
Cathaoirleach
Comhairle Baile Dhún Dealgan

Agus Tuarascáil Bhliantúil 2011 á cur i láthair againn, is eol dúinn go maith na dúshláin a ghabhann leis an gcúlú eacnamaíoch atá i réim. Cuireann sé leis an dúshlán atá faoi na Baill Tofa agus faoi fhoireann na Comhairle araon seirbhís ar ardchaighdeán a choimeád agus a sheachadadh do mhuintir Chontae Lú. Cloch mhíle is ea foilsíú ár dTuarascála Bliantúla a thugann deis dúinn machnamh a dhéanamh ar an mbliain a ghabh romhainn, nuair a d'éirigh linn mar Údaráis Áitiúla, seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a sholáthar mar a rinneadh i mblianta go dtí sin don phobal dá bhfónaimid.

Is é fealsúnacht an údaráis áitiúil timpeallacht a mhisniú agus a chur ar aghaidh ina gcruthófar fostaíocht agus tá an fhealsúnacht sin i gcónaí ina sprioc dár samhail seachadta gnó agus tá tionscnaimh ag teacht ón bhFóram Eacnamaíoch lena dtacaíonn beartais ghinearálta na Comhairle ag tosú ar thorthaí a léiriú. I bhfianaise na tacaíochta leanúnaí agus obair chruthaithe na ngeallsealbhóirí ar fad, ní féidir ach go mbeidh dea-thoradh air sin sa todhchaí i gContae Lú.

Tá an Meamram Comhthuisceana le Comhairle Dúiche an Lúir agus Mhúrna neadaithe i struchtúir na Comhairle sa bhliain 2011. Ceapadh struchtúir nua ar leibhéal na Foirne Bainistíochta Sinsearaí chun freagracht a ghlacadh as an Meamram agus as tionscnaimh trasteorann.

Tá Comhpháirtíochtaí i réim le tamall anois le hIonadaithe Pobail agus le gníomhaireachtaí Stáit i dtaca le mórchuid ardán reachtúil lena n-áirítear an Bord Forbartha Contae, Coistí Beartais Straitéisigh agus Comhchoistí Póilíneachta agus leanann siad de bheith ag íoc díbhinní i dtaca le Contae Lú a fhorbairt mar áit thaitneamhach chun dul chun cónaí agus i mbun oibre inti.

Sa bhliain 2011 bhí diminsean idirnáisiúnta ag gabháil lenár ról mar chontae a thacaíonn le daoine breacaosta nuair a roghnaigh mórchuid de na toscarí ag comhdháil na hEagraíochta Sláinte Dhomhanda i mBaile Átha Cliath ar chuairt a thabhairt ar an gcontae chun ár dtionscnamh a thacaíonn le daoine breacaosta a fheiceáil.

Tá mórchuid dúshlán romhainn mar chontae agus mar náisiún. Fócas a bheidh ann i gcónaí láthair cónaí, oibre, fóillíochta agus oideachais den scoth a dhéanamh de Chontae Lú agus muid ag iarraidh gnéithe eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha de shaol Chontae Lú a fhorbairt.





Kevin Callan
Méara
Comhairle Buirge Droichead



Michael Farrelly
Cathaoirleach
Comhairle Baile
Bhaile Átha Fhirdhia

Na Toghcheantair



Baill Chomhairle Contae Lú

DÚN DEALGAN / CAIRLINN

Fine Gael
Martin Murnaghan



Sinn Féin
Edel Corrigan



Sinn Féin
Jim Loughran



Neamhpháirtí
Jim Ryan



Fianna Fáil
Peter Savage



Comhroghnaíodh an Comhairleoir Martin Murnaghan ar an gComhairle i mBealtaine 2011 tar éis an Comhairleoir Terry Brennan a bheith tofa/ceaptha mar chomhalta den Seanad.

DÚN DEALGAN / THEAS

Neamhpháirtí
Martin Bellew



Fianna Fáil
Declan Breathnach



Fine Gael
Linus English



An Comhaontas
Glas



Neamhpháirtí
Alan Grehan



Sinn Féin
Tomás Sharkey



Comhroghnaigh an Chomhairle Linus English ar an gComhairle i mBealtaine 2011 tar éis an Comhairleoir Jim D'Arcy a bheith tofa/ceaptha mar chomhalta den Seanad.

DROICHEAD ÁTHA THIAR

An Lucht Oibre
Paul Bell



Fine Gael
Anthony Donohoe



Fianna Fáil
Frank Maher



Sinn Féin
Paddy McQuillan



DROICHEAD ÁTHA THOIR

Fianna Fáil
Tommy Byrne



Neamhspleách
Frank Godfrey



Sinn Féin
Imelda Munster



An Lucht Oibre
Pio Smyth



Fine Gael
Michael O'Dowd



Fine Gael
Oliver Tully



Comhroghnaíodh an Comhairleoir Pío Smyth ar an gComhairle i Márta 2011 tar éis Gerald Nash, Uasal, a bheith tofa ina Theachta Dála.

BAILE ÁTHA FHIRDHIA

Fine Gael
Jim Lennon



Fine Gael
Colm Markey



Fine Gael
Finnan McCoy



Sinn Féin
Pearse McGeough



Fianna Fáil
Liam Reilly



Baill Chomhairle Baile Dhún Dealgan

Neamhpháirtí
Martin Bellew



Fianna Fáil
Sean Bellew



An Comhaontas
Glas



Fine Gael
Maria Doyle



An Comhaontas
Glas



Sinn Féin
Jennifer Green



Fianna Fáil
Conor Keelan



Sinn Féin
Kevin Meenan



Neamhpháirtí
Oliver Morgan



Fine Gael
Eamonn O'Boyle



Neamhspleách
Jim Ryan



Sinn Féin
Harry Todd



Comhroghnaíodh an Comhairleoir Mara Doyle ar an gComhairle i mBealtaine 2011 tar éis an Comhairleoir Jim D'Arcy a bheith tofa/ceaptha ina chomhalta den Seanad.

Baill Chomhairle Buirge Dhroichead Átha

An Lucht Oibre
Paul Bell



Fine Gael
Kevin Callan



Sinn Féin
Matthew Coogan



Fine Gael
Richie Culhane



Fine Gael
Anthony Donohoe



An Páirtí
Sóisialach



Fianna Fáil
Frank Maher



Sinn Féin
Imelda Munster



An Lucht Oibre
Linda Bell-Woods



Fine Gael
Michael O'Dowd



Neamhpháirtí
Ken O'Heiligh



Sinn Féin
Dom Wilton



Comhroghnaíodh an Comhairleoir Linda Bell Woods ar an gComhairle in Aibreán 2011 tar éis an Comhairleoir Gerald Nash a bheith tofa ina Theachta Dála.

Baill Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

Neamhpháirtí
Michael Farrelly



An Lucht Oibre
Leonard Hatrick



An Comhaontas
Glas



Fianna Fáil
Fintan Malone



Fine Gael
Finnan McCoy



Sinn Féin
Pearse McGeough



Fianna Fáil
Padraig McKenny



Fine Gael
Dolores Minogue



Neamhpháirtí
Jim Tenanty



Foireann Shinsearach Údarás Áitiúla Lú

Comhairle Contae Lú

Bainisteoir Contae: Conn Murray

Stiúrthóir Seirbhísí:

Forbairt Gheilleagrach: Michael Curran

Tithíocht, Pleanáil Shóisialta & Phobail, Seirbhísí

Dóiteáin & Éigeandála: Joe McGuinness

Iompar agus Ceantar Lú Theas: Joan Martin

Seirbhísí Comhshaoil, Uisce & Ceantar Lú Thuaidh:

Frank Pentony

Ceann Airgeadais: Bernadette Woods

Ceann TF: Eugene Mulholland

Leabharlannaí Contae: Bernadette Fennell

Ardoifigigh Fheidhmiúcháin

Acmhainní Daonna: Colette Moss

Rúnaíocht CDB/Seirbhísí Corparáideacha: Paddy

Donnelly

Tithíocht: Willie Walsh

An Comhshaoil: Mary Murtagh

Cuntasóir Airgeadais:

Brian Lynch, Roisín McAuley

Oifigigh Riaracháin:

Seirbhísí Dóiteáin: David Jones

Iompar: Eugene McManus

Pleanáil: Pauline Watters

Mótarcháin: Mary Jennings

Acmhainní Daonna: Anne D. Callan, Kieran Lawless

Airgeadas: Pauline Goss

Seirbhísí Sláintíochta: Brenda O'Brien

Rúnaíocht CDB: Mary Deery, Ellen O'Hanlon

Tithíocht: Therese McArdle

Forbairt Gheilleagrach agus Pleanáil Todhchaí:

Michael McCabe

Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach: Amanda

Branigan

Innealtóirí Sinsearacha:

Iompar: Gerry Kelly

Seirbhísí Sláintíochta: Mark O'Callaghan

An Comhshaoil: Raymond McKenna

Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha:

Iompar: Frank Magee

Tithíocht: Donal Clarke

Limistéar Thuaidh an Chontae: Pádraig O'Hora

Limistéar Theas an Chontae: Paddy Connolly

Seirbhísí Sláintíochta: Keith Hanratty, Peadar

McGuinness

An Comhshaoil: Declan McMahon

Iompar: Vincent Toner

Pleanálaithe Feidhmiúcháin Sinsearacha:

Marguerite Quinn, Terence Savage,

Oifigeach Ealaíon an Chontae: Brian Harten

Cartlannaí an Chontae: Lorraine McCann

Cróinéir an Chontae: Ronan Maguire

Oifigeach Tréidliachta an Chontae: Garret Shine

Príomhoifigeach Dóiteáin: Eamon Woulfe

Oibrí Sóisialta Sinsearach: Catherine Vaughan

Comhordaitheoir Chomhpháirtíocht Spóirt Lú: Mary

Browne

Oifigeach na nDaoinne Breacaosta: Catherine McGuigan

An Príomhtheicneoir: Paddy Birch

An tOifigeach Oidhreacht: Brendan McSherry

Oifigeach Foirne Sinsearach:

Oifigeach Sheirbhísí Corparáideacha/SF: Mary

Gormally

Tacaíocht Turasóireachta & Gnó: Nessa

McCartan

Oifigeach Shábháilteacht ar Bhóithre: Angela

Muckian

Pleanáil: Sinead Lally

Seirbhísí Uisce: Siobhan Rice,

Forbairt Gheilleagrach/Pleanáil Todhchaí:

Sinead McVerry

Oifigeach Forbartha/Síocháin III: Paddy

Drumgoole

Móreigeandáil: Gregory Flanagan

Leabharlannaí Feidhmiúcháin: Sheila Tierney

Droichead Átha agus an Ceantar Máguaire

Stiúrthóir Seirbhísí: Joan Martin

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Mary T. Daly

Oifigigh Riaracháin:

Brona O'Reilly, Jeanne Rushe, Marian Whearty

Oifigigh Foirne Sinsearacha:

Christine Mullen, Alison Condra

Innealtóir na Buirge: Pat Finn

Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha:

Pádraig Judge, Martina Sheeran

Pleanálaithe Feidhmiúcháin Sinsearach: Emer

O'Callaghan

Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta Sinsearach: Joe

Lumsden

Comhordaitheoir RAPID: Valerie Artherton

Dún Dealgan agus an Ceantar Máguaire

Stiúrthóir Seirbhísí: Frank Pentony

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: David Storey

Oifigigh Riaracháin:

John Lawrence, Joan Smith

Oifigigh Foirne Sinsearacha:

Anne McDonnell, Eileen McEntegart, Veronica

Traynor, Mary Capplis

Innealtóir an Bhaile: Catherine Duff

Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha:

Peter McVeigh, Pat Stuart

Pleanálaithe Feidhmiúcháin Sinsearach: Sinead Mullen

Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta: John Cummins

Comhordaitheoir RAPID: Paula Gribben

Baile Átha Fhirdhia agus an Ceantar Máguaire

Stiúrthóir Seirbhísí: Joe McGuinness

An Cléireach Baile: Miriam Roe

Ardoifigeach Feidhmiúcháin Pleanála: Marguerite

Quinn

Ardoifigeach Feidhmiúcháin Cúnta: Innealtóir: Sean

O'Reilly

LUCHT SCOIR ó Údarás Áitiúla Lú sa bhliain

2011

Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach: Ceantar Bhaile

Átha Fhirdhia: Paul Gallagher

Stiúrthóir Seirbhíse: Des Foley athshannta do

Chomhairle Contae na Mí

Seirbhísí Corparáideacha

CRUINNITHE NA COMHAIRLE - 2011

Cruinniú Míosúil	11
Cruinniú Speisialta	7
Cruinniú Bliantúil	1
Cruinniú Buiséid	1
CPG (Grúpa Beartais Chorparáidigh)	11
SPC – Iompar & Gnóthaí Trasteorann	4
SPC – Seirbhísí Comhshaoil	2
SPC – Forbairt Gheilleagrach & Pleanáil Todhchaí	6
SPC – Tithíocht, Pleanáil Shóisialta & Pobail	3
Cruinniú an Choiste Ceantair – Dún Dealgan	11
Cruinniú an Choiste Ceantair – Baile Átha Fhirdhia	11
Cruinniú an Choiste Ceantair – Droichead Átha	11
CCP – Droichead Átha agus Lú Theas	4
CCP – Dún Dealgan agus Lú Thuaidh	4
CCP – Baile Átha Fhirdhia agus Lú Láir	4
CCP - Baill an Ghrúpa Stiúrtha	2
Líon Iomlán na gCruinnithe	93

Coistí Ceantair

Trí cinn de choistí ceantair ar aon dul le teorainneacha na dtoghcheantar agus cheap na coistí seo cathaoirleach go ceann tréimhse bliana suas go Meitheamh 2011.

Coiste Ceantair	Cathaoirleach	Cruinnithe a bhí ann
Dún Dealgan Cairlinn / Dún Dealgan Thoir	An Cllr. Jim Loughran	An dara Luan de gach mí
Baile Átha Fhirdhia	An Cllr. Pearse McGeough	An 4ú Déardaoin de gach mí
Droichead Átha Thoir/Droichead Átha Thiar	An Cllr. Tommy Byrne	An chéad Luan de gach mí

Comhchoistí Póilíneachta

Ceanglaíonn Acht an Gharda Síochána 2005 ar údaráis áitiúla, i gcomhar leis an nGarda Síochána, comhchoistí póilíneachta a bhunú ina gceantair. Fóraim chomhairliúcháin, díospóireachta agus moltaí is ea na coistí seo ina bpléitear póilíní na gceantar áitiúil. Déanann siad athbhreithniú ar leibhéal agus ar phatrúin choireachta, neamhoird agus iompraíochta frithshóisialta agus moltaí siad bearta do na húdaráis áitiúla agus don Gharda Síochána maidir leis an tslí is fearr le déileáil leis na saincheistean sin. Ar na fóraim tá baill agus oifigigh na n-údarás áitiúil, ionadaithe den Gharda Síochána, ionadaithe pobail agus comhaltaí den Oireachtas.

D'fhaomhaigh Comhairle Contae Lú bunú trí cinn de Chomhchoistí Póilíneachta timpeall bhailte Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia ar aon dul le struchtúr na gcoistí ceantair agus le ceantair phóilíneachta an Gharda Síochána. Cinneadh, leis, Grúpa Stiúrtha na

gComhchoistí Póilíneachta a bhunú, ar a mbeadh Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú, Cathaoirligh na gcomhchoistí póilíneachta, an Bainisteoir Contae agus Príomhcheannfort an Gharda a bhfuil sé d'fheidhm acu oibriú na dtrí choiste a threorú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Comhchoiste Póilíneachta	Cathaoirleach
Droichead Átha	An Cllr. Frank Maher
Baile Átha Fhirdhia	An Cllr. Padraig McKenny
Comhairle Baile	An Cllr. Martin Bellew

Clúdaítear gníomhaíochtaí Chomhchoistí Póilíneachta an Chontae i dtuarascáil a ullmhaíodh de réir Alt 369 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Grúpa Beartais Chorparáidigh

Ceanglaíonn an tAcht Rialtais Áitiúil 2001 ar gach contae coiste a bhunú a dtabharfar an Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC), ar a mbeidh Cathaoirleach na Comhairle Contae agus cathaoirligh na gCoistí Beartais Speisialta. Is é feidhm gach grúpa comhairle a chur ar an gcomhairle tofa i dtaca le beartas a cheapadh, a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh air agus é a athbhreithniú. Bhí 11 chruinniú ag an GBC sa bhliain 2011 agus socraíodh sceideal na gcruinnithe ar bhonn míosúil i dtreo dheireadh na bliana. Ceann de phríomhfheidhmeanna an ghrúpa ná athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár oibre le haghaidh chruinniú míosúil na comhairle. Tá ról ríthábhachtach ag an ngrúpa i dtaca le ceapadh an bhuiséid iomláin agus le hullmhú an Phlean Chorparáidigh.

Cruinnithe na Comhairle

Bíonn cruinniú míosúil ag Comhairle Contae Lú ar an tríú Luan de gach í agus cruinniú reachtúil Buiséadach agus Cruinniú Bliantúil agus cruinnithe speisialta ó am go chéile más gá chun déileáil le saincheisteanna ar nós athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae. Tionóladh 20 cruinniú san iomlán sa bhliain 2011.

Tionóladh an **Cruinniú Buiséid** reachtúil an 19 Nollaig 2011 ag ar bhreithnigh an Chomhairle €66,450,530 d'ollchaiteachas ioncaim don bhliain 2012 agus ar ar glacadh ráta bliantúil ar luacháil €55.08 mar aon le €1.77 de thobhach breise le haghaidh ceantar Chomhairle Bhaile Átha Fhirdhia.

Ar áireamh sa tuarascáil a chuir cuireadh faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an dréachtbuiséad bhí tuarascálacha ó gach stiúrthóireacht i dtaobh an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2011 i dtaca leis an bPlean Corparáideach roimhe sin chun géilleadh do riachtanais Alt 134(ii) den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

FÁILTITHE SAORÁNACH / DÁMHACHTAINÍ srl.

Údarás Bronnta	Dáta	Faightheoir	Gnóthachtáil	Costais
Comhairle Contae Lú	09/02/2011	Paddy Keenan	ar a ainmniú mar an Chéad Sárimreoir CLG ó Chontae Lú agus ar a roghnú mar bhall d'Fhoireann Comhrialacha na hÉireann 2010.	Bia & Deochanna €328.00
Comhairle Baile Dhún Dealgan	10/03/2011	Tugann Máire Mhic Ghiolla Íosa cuairt ar Great Northern Haven.		€2,073.10

Comhairle Baile Dhún Dealgan	06/04/2011	Cumann Grianghráfadóireachta Dhún Dealgan		€886.00
Comhairle Baile Dhún Dealgan	14/06/2011	Club Rugbaí Dhún Dealgan		€657.25
Comhairle Baile Dhún Dealgan	24/06/2011	Oscailt Oifigiúil – Faiche Uile-Aimsire Mhuirtheimhne Mór		€1,161.98
Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia	16/03/2011	Méara Nettuno	Cónascadh Bhaile Átha Fhirdhia, Éire, agus Nettuno na hIodáile	€519
Comhairle Buirge Dhroichead Átha	22/03/2011	Club Rugbaí na Bóinne	Buaiteoirí Roinn 1A den Chraobhchomórtas	€475.30
Comhairle Buirge Dhroichead Átha	14/04/2011	James Gradwell, Megan Campbell, Jacko Smith, Karen Smyth, Frank Thornton, Eugene McKenna, Olive McDonnell	As gnóthú sa phobal	€563.02
Comhairle Buirge Dhroichead Átha	08/12/2011	Seoladh leabhar Ted Greene	"Drogheda - Its place in Ireland's History"	€699.39

Scéim na Gaeilge

Príomhchuspóir is ea é i gcónaí na gealltanais a rinne Údaráis Áitiúla Lú faoi Scéim na Gaeilge a chomhlíonadh agus táimid meáite ar na hoibleagáidí reachtúla atá leagtha amach sa scéim sin a chomhlíonadh.

Aithnítear gur dúshlán é an scéim a chur i bhfeidhm ina hiomláine i bhfianaise an laghdaithe ar acmhainní ach tá Údaráis Áitiúla Lú meáite ar fhéachaint chuige go n-aithnítear acmhainní chun a chinntiú go ngéilleann siad do na hoibleagáidí reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

STEM agus Monatóireacht agus Tuairisciú Fuinnimh

Léirigh Comhairle Contae Lú ceannaireacht láidir shibhialta le linn tionscadal STEM a bheith á sheachadadh agus le linn na dtionscnamh chun a dtionchar an timpeallacht a laghdú. Trí bheart a dhéanamh chun an timpeallacht a chosaint agus an méid acmhainní a ídítear a laghdú a mhéad is féidir, tá an chomhairle ag rannchuidiú le hinbhuanaitheacht san fhadtárma. Cuspóirí agus spriocanna leathana is ea na cuspóirí agus na spriocanna a socraíodh chun feabhsúcháin a bhaint amach. Dhírigh formhór na gcuspóirí ar thruailliú a chosc agus ar ídiú acmhainní ar nós fuinnimh agus ábhar a laghdú a mhéad is féidir.

Choimeád Comhairle Contae Lú a chreidiúnú ISO 14001 sa bhliain 2011. Faoin ISO sin, athbhreithníodh na cuspóirí agus na spriocanna le haghaidh 2011 agus tionscnaíodh roinnt tionscadal nua. Níor baineadh amach gach sprioc ach léiríodh an fiúntas a ghabhann le monatóireacht agus le hathbhreithniú agus trí phatrúin ídithe a rianú go cruinn, aithníodh réimsí eile ina bhféadfaí dul i bhfeabhas. D'fhéadfadh an mhonatóireacht chruinn atá fós á cur i bhfeidhm, a thaispeáint go bhféadfadh sé nár comhlíonadh spriocanna roimhe seo toisc nár

mheastacháin lánchruinne a bhí sna meastacháin a ghabh leo. Mar shampla, taifeadadh gur úsáideadh 2.6 milliún leathanach páipéir sa bhliain 2011 agus cé nár chomhlíon sé an sprioc de 2 mhilliún leathanach tá táscaire cruinn i bhfeidhm anois agus beidh ar ár gcumas é a rianú go cruinn feasta.

I gcoitinne ba thasc mhór é an mhonatóireacht sa bhliain 2011: roinneadh mioncheartúcháin ar chórais chun ídiú fuinnimh a thaifeadfadh chun bonnlínte fíorchruinne a sholáthar chun feidhmíocht a thagarmharcáil as seo amach. Tá an mhonatóireacht á déanamh faoi thionscnamh nua faoi stiúir an SEAI agus an Roinn Fuinnimh, faoi reachtaíocht I.R. 542 de 2009 a cheanglaíonn ar gach eagraíocht san earnáil phoiblí an fuinneamh comhlán a ídíonn siad gach bliain a thuairisciú, lena n-áirítear gach fuinneamh líonra agus neamhlíonra. Teastóidh monatóireacht fíorchruinn ar gach fuinneamh a ídíonn Údaráis Áitiúla Lú chun é sin a bhaint amach.

Mír thábhachtach ar an gclár sin sa bhliain 2011 ab ea fuinneamh in-athnuaite mar a aibhsíodh i dtionscadail éagsúla ar nós Gás Líonta Talún ag an Abhainn Bhán a úsáidfear chun leictreachas a ghiniúint agus an úsáid a bhainfear as micrighiniúint agus an mhonatóireacht a dhéanfar uirthi ag an gCompún Ainmhithe i mBaile an Rátha.

FORAMHARC AR ÍDIÚ FUINNIMH SA BHLIAIN 2011

Formhór an fhuinnimh a ídíonn Údaráis Áitiúla Lú (Comhairle Contae Lú, Comhairle Baile Dhroichead Átha & Comhairle Buirge Dhroichead Átha) is i bhfoirm leictreachais, díosail bhóthair, gáis phríomhlíonra agus ola téimh ceirisín, san ord sin, atá sé. Déanann an fhoireann fuinnimh gach ídiú fuinnimh a bhainistiú go gníomhach. Lena chois sin ceann de na príomhchuspóirí atá ag caighdeán ISO 14001, caighdeán atá bainte amach ag Comhairle Contae Lú, ná ídiú fuinnimh a laghdú de 3% gach bliain. Caitheadh €3,627,902 san iomlán sa bhliain 2011 ar fhuinneamh in Údaráis Áitiúla Lú san iomlán, agus cé gur méadú beag é sin ar an mbliain 2010 (€3,406,278) tá sé fós go maith faoi bhun an mheán bliantúil de €4 mhilliún sa bhliain a caitheamh sna blianta 2006-2009. Baineadh an laghdú sin amach trí mhonatóireacht chruinn a dhéanamh ar ídiú, éifeachtaí a choimeád agus tairiscintí iomaíocha fuinnimh a lorg.

Leictreachas:

Tá 1,309 cuntas leictreachais ag Údaráis Áitiúla Lú, agus is cuntais neamh-mhéadraithe a bhformhór mar a fheicfear ón tábla thíos.

	Méadraithe	Neamh-mhéadraithe (<i>m.sh.</i> Soilsiú Poiblí)
CCL	124	502
CBDD	37	301
CBDA	21	324

De na cuntais mhéadraithe, baineann 80% den chaiteachas le hoibreacha cóireála uisce agus fuíolluisce agus 14% nó mar sin leis na príomhghoirgnimh chathartha.

Leanadh de thairiscintí soláthair a lorg sa bhliain 2011 agus ba é Energia an soláthraí a roghnaíodh.

Díosal Bóthair:

Athbhreithníodh an próiseas tairisceana don sóláthar agus bronnadh conradh nua ar Topaz chun gach feithicil de chuid Údarás Áitiúla Lú a sholáthar. I dteannta le córas cárta breosla, chabhraigh sé seo linn monatóireacht agus taifeadadh an-chruinn a dhéanamh ar ídiú. Ídíodh 251,186 lítear breosla sa bhliain 2011, arbh ionann é agus 4.2% mar laghdú suntasach ar fhigiúr 262,362 na bliana 2010.

Bearta atá Beartaithe don Bhliain 2012

- Féachfar an bhféadfaí tuilleadh úsáide a bhaint as an gcarr leictreach, déantar tiomáint thrialach ar fheithiclí oiriúnacha agus suiteálfar pointí luchtála leictreach in áiteanna straitéiseacha.
- Leanfaidh an líonadh talún de bheith ag giniúint leictreachais ar an láthair de rogha ar ghás líonta talún a spré, agus tá nasc greille BSL le bunú faoi lár na bliana 2012. Leanfaidh an láithreán líonta talún d'inghlachtacht ardleibhéil de Dhramháil In-Bhithmhille Chathrach a laghdú, agus beidh sé go mór faoin uas-sprioc ceadaithe de 47%.
- Cuireadh tús sa bhliain 2011 le Tionscadal Réigiún na Teorann Thoir faoina ndéanfaí iniúchadh ar fhoirgneamh poiblí de chuid Údarás Áitiúla Lú, atá ceaptha le bheith ina ollionad leabharlaine agus músaeim, toisc go bhfuil siad araon ar an láthair chéanna, agus é a fheistiú le gléasanna tíosacha ar fhuinneamh agus na torthaí a chur ar taispeáint don phobal i gcoitinne i bhforhalla an fhoirgnimh. Rinneadh na hiniúchtaí ar an foirgnimh seo agus d'éirigh leis an iarratas agus mar sin sa bhliain 2012 tosófar ar na hoibreacha chun cur le héifeachtúlachtaí na bhfoirgneamh agus micrighiniúint a shuiteáil sa dá fhoirgneamh.
- Tá an chomhpháirtíocht idir Údarás Áitiúla Lú agus SEAI a síníodh go déanach sa bhliain 2010 i réim go fóill agus tá ÚAL tiomanta de laghdú a dhéanamh ar ídiú fuinnimh.
- Coimeádfar ISO 14001 laistigh de ranna de Chomhairle Contae Lú agus le hathstruchtúró Údarás Áitiúla Lú, cuirfear ar fáil é sna ranna nua a bheidh i gceist sa struchtúr nua, ionas go leathfar ISO 14001 go ranna ar leith de Chomhairle Baile Dhún Dealgan agus de Chomhairle Buirge Dhroichead Átha.




CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Thaispeáin Clár na dTogthóirí a tháinig i bhfeidhm an 15 Feabhra 2011 90,111 de phobal vótála, comhdhéanta mar seo a leanas:

Miondealú de réir Cineál an Togthóra

Togthóirí Dála	85,819
Togthóirí Uachtaránachta	85,126
Togthóirí Eorpacha	86,913
Togthóirí Áitiúla	90,111

Miondealú de réir Toghlímistéar Áitiúil



Clár Atheagraithe na dTogthóirí

Bhí 3,378 ainm i gClár Atheagraithe na dTogthóirí a tháinig i bhfeidhm an 15 Feabhra 2011.

Toghcháin le linn 2011


Bhí Olltoghchán ann Dé hAoine 25 Feabhra 2011.

Bhí Toghchán Uachtaránachta agus Reifrinn ar an mBille um an Fiche Naoú Leasú ar an mBunreach (Luach Saothair na mBreitheamh) 2011 agus an Bille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreach (Fiosrúcháin Thithe an Oireachtais) 2011 ar an 27 Deireadh Fómhair 2011.

DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

Ghlac Comhairle Contae Lú an Scéim Deontais Ardoideachais ag a chruinniú den 18 Iúil 2011. Íocadh amach €4,605,738,68 san iomlán i bhfoirm Deontas Ardoideachais sa bhliain acadúil 2010/2011. Aisíoctar ón Roinn Oideachais & Scileanna gach deontas/táille a íoctar le mic léinn ach amháin €6,279.11 de ranníocaíocht shocráithe. Ní aisíoctar costais riaracháin na Comhairle.

Seo a leanas na staitisticí ar iarratais a ceadaíodh sna trí bliana acadúla seo caite:



SEIRBHÍ Sí SAORÁNACH

Saoráil Faisnéise

Rinneadh 60 iarratas sa bhliain 2011 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997/2003 chuig Údaráis Áitiúla Lú. Bhí 58% de mhéadú i gComhairle Contae Lú, 116% de mhéadú i mBuirg Dhroichead Átha agus 89% de mhéadú i gComhairle Baile Dhún Dealgan ar fhiúirí na bliana 2010.

	Comhairle Contae Lú 2010	Comhairle Buirge Dhroichead Átha 2010	Comhairle Baile Dhún Dealgan 2010	Comhairle Contae Lú 2011	Comhairle Buirge Dhroichead Átha 2011	Comhairle Baile Dhún Dealgan 2011
Líon lomlán na nIarratas	23	6	9	30	13	17
-Pearsanta	4	2	2	9	8	6
- Neamhphearsanta	11	4	7	17	5	10
-Measctha	8	nialas	nialas	4	Nialas	1
Iarratais Deonaíodh a	8	2	5	6	6	13
Iarratais a Páirtdeonaíodh	9	Nialas	3	13	2	Nialas
Iarratais a Diúltaíodh	6	4	nialas	7	5	4
Iarratais a Aistríodh	Nialas	Nialas	Nialas	3	Nialas	1
Iarratais a aistarraingíodh	nialas	nialas	nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Iarratais a aistarraingíodh agus ar déileáladh leo lasmuigh de SF	nialas	nialas	nialas	1	Nialas	Nialas
Iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach	1	nialas	nialas	2	4	Nialas
Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise	1	Nialas	nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Foinse na nIarratas						
Iriseoirí	5	Nialas	Nialas	2	Nialas	Nialas
Lucht Gnó	2	1	1	6	6	Nialas
Oireachtas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Eile/An Pobal i gCoitinne	16	5	7	20	7	17
An Fhoireann	Nialas	Nialas	1	2	Nialas	Nialas

	Comhairle Contae Lú	Comhairle Buirge Dhroichead Átha	Comhairle Baile Dhún Dealgan
Gearáin leis an Ombudsman			
Gearáin a fuarthas i gcaitheamh na bliana	5	3	2
Ábhar na nGearán			
Pobal, Caitheamh Aimsire & Taitneamhachtaí			1
Seirbhísí Corparáideacha			
Comhshaol/Forfheidhmiú/Tréidlianna	2	1	
Airgeadas	1		
Pleanáil Todhchaí & Forbairt Gheilleagrach			
Tithíocht	1	2	
Pleanáil			
Iompar	1		1
Mótarcháin			
Seirbhísí Uisce			
Gearáin faoi Chairt na Saoránach			
Gearáin a fuarthas sa bhliain 2010	3		4

Comhairle Buirge Dhroichead Átha

Cruinnithe na Comhairle

Bíonn cruinnithe míosúla ag Comhairle Buirge Dhroichead Átha ar an gcéad Luan den mhí agus Cruinniú Buiséid agus Cruinniú Bliantúil reachtúil mar aon le cruinnithe speisialta ó am go chéile. Ní bhíonn aon chruinniú i Lúnasa. Eagraíodh 16 chruinniú san iomlán sa bhliain 2011.

EASTÁT CORPARÁIDEACH

1. Staid Lourdes.

Tar éis comórtas soláthair a fógraíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, cheap Comhairle Buirge Dhroichead Átha conraitheoir speisialtóra spóirt CRL. Cuireadh tús leis an obair thógála i Lúnasa 2011 le bheith críochnaithe go luath i mí na Bealtaine 2012.

Sna 1960idí a tógadh Staid Lourdes atá anois ann agus láthair lúthchleasaíochta agus sacair araon a bhí ann. Páirc bhaile Drogheda United a bhí ann idir 1962 agus 1976 agus bhí slí ann do 4,000 duine nó mar sin. Bhí drochbhail ar an suíomh agus féar ag fás ar an bhfaiche sacair agus ar an raon reatha araon.

Ach le €300,000 de chistiú a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus an €150,000 breise a fuarthas ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasoireacht agus €290,000 de bhronntanas ó Atlantic Industries (Coca Cola atá bunaithe i nDroichead Átha) d'fhéadfaí tús a chur leis an obair thógála.

Rinneadh an Staid a dhearadh agus déanfar an tógáil de réir "Lámhleabhar Shaoráidí Raoin agus Páirce an IAAF". Tógfar staid Lourdes ar chaighdeán "Catagóir Foirgníochta V le haghaidh Catagóir Comórtais 11 agus beidh an bonneagar seo a leanas ar áireamh ann.

- Raon Caighdeánach 400m ina mbeidh 8 lána ubhchruthacha agus 8 lána dhíreacha.
- Áis le haghaidh na Léime Fada agus na Léime Triaraí agus áit tuirlingthe ag an dá cheann.
- Áis le haghaidh na Léime Airde
- Áis le haghaidh na Léime Cuaille agus áit tuirlingthe ag an dá cheann
- Áis le haghaidh Caitheamh na Sleá
- Áis le haghaidh Caithimh

2. Ionad Fóillíochta Dhroichead Átha

D'éirigh le Comhairle Buirge Dhroichead Átha €307,000 a fháil ón Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt chun riachtanais fuinnimh agus slí isteach do dhaoine faoi mhíchumas a uasgrádú. Seo mar a chaith Comhairle Buirge Dhroichead Átha an cistiú sin:

- Suiteáladh Aonad Teasa agus Cumhachta in Éineacht chun ídiú leictreachais a laghdú
- Suiteáladh tiomántáin ag luas athraitheacha ar phumpaí na linne
- Rinneadh uasgrádú ar chóras bainistíochta an fhoirgnimh
- Suiteáladh gléis caomhnaithe uisce sna doirtíl agus sna cithfholcaí.
- Suiteáladh córas aisghabhála uisce i gcaidéal dáileogach na linne
- Suiteáladh doirse uathoibríocha isteach chun cabhrú leis an bpobal faoi mhíchumas

3. An Halla Baile, Sráid an Iarthair – Rampa don Lucht Míchumais

Go luath sa bhliain 2011 shuiteáil Comhairle Buirge Dhroichead Átha rampa nua don lucht míchumais isteach sa Halla Baile chun go mbeadh teacht ag an lucht míchumais ar an oifig nua turasóireachta.

Ghlac an Comhairle stíl a bhí ar aon dul le fabraic stairiúil an fhoirgnimh, b'in aghaidh d'aolchloch Chill Chainnigh mar aon le ráille láimhe a dhear an t-ealaíontóir Ronan Halpin ó Oileán Acaill. Tugadh aitheantas don dearadh sin nuair a bhuaigh an Halla Baile an chéad áit i gcatagóir na bhfoirgneamh poiblí i gContae Lú a bhronn Access Louth, comórtas a eagraíonn Fóram Pobail agus Deonach Lú i gcomhar le grúpaí míchumais éagsúla sa chontae.

Tithíocht agus Pobail:

'Pobail inbhuanaithe a éascú trí chóiríocht a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais an uile dhuine trí phróiseas pleanála pobail.'

MEASÚNÚ RIACHTANAS TITHÍOCHTA

Ag deireadh na bliana 2011 bhí 1,088 iarratasóir ar liosta tithíochta Chomhairle Contae Lú, 2,153 iarratasóir ar liosta tithíochta Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus 2,159 iarratasóir ar liosta tithíochta Chomhairle Baile Dhún Dealgan.

SOLÁTHAR TITHÍOCHTA

Bainistítear an soláthar tithíochta trí Phlean Gníomhaíochta um Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne mar a aontaíodh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil. I gcás Chomhairle Contae Lú sa bhliain 2011, cuireadh tús le forbairt tithíochta ag Bóthar Ghort na Mara, Na Creagacha Dubha, agus bhí oibreacha ar siúl i gcaitheamh na bliana ag Meille, Droichead Átha.

B'éigean athruithe a dhéanamh ar an mbeartas tithíochta ar leibhéal náisiúnta ó tharla an cúlú sa gheilleagar sa bhliain 2008. Is lú an bhéim anois ar thithíocht shóisialta a sholáthar trí fhoirgníocht nua a mhaoiniú.

Díríonn beartas an Rialtais anois ar thithíocht shóisialta a sholáthar trí shocrúithe léasa le húinéirí réadmhaoine agus le forbróirí a bhfuil stoc tithíochta neamhdhíolta acu.

TITHÍOCHT SHÓISIALTA

Ag deireadh na bliana 2011 bhí 946 aonad tithíochta sóisialta ag Comhairle Contae Lú, 1,304 aonad tithíochta sóisialta ag Comhairle Buirge Dhroichead Átha agus 1,450 aonad tithíochta sóisialta ag Comhairle Baile Dhroichead Átha.

De réir riachtanais an Acht Tithíochta 2009 ghlac Comhairle Contae Lú Scéim Leithdháiltí nua ag a chruinniú den 16 Bealtaine 2011 a ghabh áit na scéime roimhe sin a ghlac an Chomhairle sa bhliain 2005. Ghlac Comhairle Buirge Dhroichead Átha an scéim nua an 13 Meitheamh 2011 agus ghlac Comhairle Baile Dhroichead Átha í an 24 Bealtaine 2011.

TITHÍOCHT INACMHAINNE

Tá an t-éileamh ar thithíocht inacmhainne laghdaithe go mór le blianta beaga anuas. Níor díoladh ach sé theach den sórt sin sa bhliain 2011, ceann amháin i mBaile Átha Fhirdhia ag Ardán Mhic Thréinfhir, trí cinn ag Gairdíní Brickfield, Dún Dealgan agus dhá theach ag Lis na Dara, Dún Dealgan.

Tiontaíodh sé aonad inacmhainne agus fiche go haonaid shóisialta i dtreo dheireadh na bliana 2009 agus tiontaíodh ceithre aonad eile den chineál céanna i nDún Dealgan sa bhliain 2011. Lena chois sin, tugadh 24 aonad inacmhainne neamhdhíolta i gceantar an Chontae agus 12 aonad den sórt céanna i nDún Dealgan ar cíos don earnáil dheonach tithíochta go ceann tréimhse cúig bliana lena ligean le tionóntaí atá ar liostaí feithimh údaráis áitiúil.

TITHÍOCHT DHEONACH

Tá taifead den scoth ag Údaráis Áitiúla Lú i dtaca le dul i mbun oibre le comhlachtaí deonacha chun aonaid tithíochta deonacha a sholáthar. Tá 717 aonad tithíochta deonacha sa Chontae, 331 díobh laistigh de cheantar Chomhairle Baile Dhún Dealgan, 283 díobh laistigh de cheantar Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus 103 laistigh de cheantar na Comhairle Contae.

FOINSIÚ AONAD SÓISIALTA

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)

Tionscnamh a riarann údaráis áitiúil chun tacú lena gcláir tithíochta sóisialta is ea an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS).

Faoin scéim tugtar cóiríocht phríobháideach ar ardchaighdeán ar cíos do thionóntaí cáilithe (daoine a bhfuil cearta buana cónaitheachta acu sa Stát agus a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach agus atá ag fáil an Fhorlíonta Chíos le breis is 18 mí).

Faigheann tuairim is 2,800 duine i Lú an forlíonadh cíosa i láthair na huaire. Díobh sin, tá sé á fháil ag 1,339 duine le breis is 18 mí.

Ag deireadh na bliana 2011, bhí 229 réadmhaoin i RAS i Lú.

Scéimeanna Léasaithe Sóisialta

Forlíonadh ar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos is ea na scéimeanna seo a leanas:

- Scéim léasaithe rialtais do thithe inacmhainne neamhdhíolta (tugtar na tithe sin ar léas do chumainn deonacha tithíochta ar feadh tréimhsí suas le cúig bliana, agus tairgtear iad ar cíos do theaghlach ó liosta feithimh údaráis áitiúil ar an mbonn cíosa céanna le tithe údaráis áitiúil) agus
- Tionscnamh léasaithe fadtéarmach (a mhaireann 10-20 bliain) faoin léasaítear réadmhaoin ón earnáil phríobháideach (ráthaítear na cíosanna do thréimhse iomlán na léasa, ach bíonn siad faoi réir athbhreithnithe ag brath ar choinníollacha an mhargaidh) agus úsáidtear é chun áit chónaithe a sholáthar do theaghlach ó liostaí feithimh údaráis áitiúla. Leithdháilfear réadmhaoin de réir scéimeanna leithdháilte údaráis áitiúil, agus is é an t-údarás áitiúil a dhéanfaidh iad a bhainistiú, a árachú agus a chothabháil.

CÍOSANNA TITHÍOCHTA

Foráiltear sa Scéim Cíosanna Tithíochta le haghaidh cíosanna bunaithe ar ioncam agus athbhreithnítear an scéim gach bliain. €25 sa tseachtain ar a laghad a íoctar i gcíosanna difreálacha.

COTHABHÁIL AGUS FEABHSÚ AN STOIC TITHIOCHTA

Fuarthas 958 iarratas sa bhliain 2011 ar chothabháil do stoc tithíochta sóisialta atá anois ann i gceantar Chomhairle Contae Lú, agus bhí gach ceann díobh seachas deich gcinn réitithe ag deireadh na bliana.

Rinneadh nuachóiriú ar 44 teach i gceantar an chontae sa bhliain 2011 tar éis imeacht na dtionóntaí.

Fuair Comhairle Buirge Dhroichead Átha 2,166 iarratas ar chothabháil ar an stoc tithíochta a bhí ann cheana, agus bhí 215 díobh sin fós le réiteach ag deireadh na bliana. Nuachóiríodh 58 teach i gceantar Dhroichead Átha sa bhliain 2011 tar éis imeacht na dtionóntaí.

Fuair Comhairle Baile Dhún Dealgan 1,852 iarratas ar chothabháil ar an stoc tithíochta sóisialta a bhí ann cheana, agus bhí 148 díobh sin fós le réiteach ag deireadh na bliana.

Nuachóiríodh 42 teach i gceantar Dhún Dealgan sa bhliain 2011 tar éis imeacht na dtionóntaí.

RIALÚ NA GCAIGHDEÁN I DTITHÍOCHT AR CÍOS

Comhthreomhar leis an bhforbairt beartais seo, tháinig rialacháin bhreise ar chaighdeáin i réadmhaoin ar cíos i bhfeidhm le linn na bliana 2009 leis na dátaí tús feidhme seo a leanas:

- 1 Feabhra 2009 i gcás na Rialachán Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2008 agus
- 1 Nollaig 2009 i gcás na Rialachán Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) (Leasú) 2009

Socraíonn na rialacháin íoschaighdeáin riachtanacha le haghaidh inter alia, staid struchtúrach réadmhaoine (Airteagal 5 de na rialacháin); Áiseanna Sláintíochta (Airteagal 6); Áiseanna Téimh (Airteagal 7); Ullmhú & Stóráil Bia agus Neachtlann (Airteagal 8) agus Aerú (Airteagal 9). Ní bheidh feidhm ag airteagail sé go hocht i dtús báire ach amháin maidir le tionóntachtaí nua agus tiocfaidh siad i bhfeidhm do thionóntachtaí atá ann anois ón 1 Feabhra 2013. Rinneadh 500 cigireacht le cois sa réimse seo sa bhliain 2011.

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TITHÍOCHTA

TITHÍOCHT RIACHTANAS SPEISIALTA

Sa bhliain 2010 thug Údaráis Áitiúla Lú roinnt tionscadal chun críche chun oiriúnú a dhéanamh ar an stoc tithíochta a bhí ann cheana chun riachtanais tionóntaí a chomhlíonadh.

Ina measc siúd bhí oibreacha ag Páirc Fhirdhia agus ag Corrán De La Salle, Baile Átha Fhirdhia, agus ag Bailtíní Rónáin, Droim Ineasclainn i gceantar na Comhairle Contae agus trí thionscadal eile i nDroichead Átha agus ceann amháin i nDún Dealgan.

DAOINE GAN DÍDEAN

I mí na Nollag 2009 léirigh an tAire Comhshaoil go dtiocfadh Comhairle Contae Lú chun bheith ina Údaráis Freagrach Tithíochta maidir le cur i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean. Ullmhaíodh an Plean ar bhonn athbhreithniú neamhspleách a rinneadh ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean sa chontae sa chéad chuid den bhliain 2010, agus cuireadh san áireamh ann beartas an Rialtais i leith seirbhísí do dhaoine gan dídean a bheidh á chomhordú ar bhonn réigiúnach. Ghlac an Chomhairle Contae an Plean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean a cruinniú den 17 Bealtaine, 2010.

Amhail ar an 31 Nollaig 2011 measadh 26 duine a bheith gan dídean agus i gcóiríocht éigeandála sa chontae, agus bhí 179 tionóntacht á gcothabháil.

CÚRSAÍ TAISTEALÁÍ

Tá Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2009-2013 glactha ag Comhairle Contae Lú. Leagtar amach ann roinnt spriocanna i dtaca le tithíocht shóisialta agus le tithíocht do Thaistealaithe chun riachtanais na dThaistealaithe a chónaíonn sa chontae a chomhlíonadh. Bunaíodh Coiste Comhairliúcháin do Thaistealaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an chláir seo. Ar an gCoiste sin tá ionadaithe ó na hÚdaráis Áitiúla, oifigigh na Comhairle, Taistealaithe agus ionadaithe Taistealaí. Tá Údaráis Áitiúla Lú tiomanta do na spriocanna atá leagtha amach sa chláir seo a bhaint amach.

Tithíocht Shóisialta

Sprioc

Toradh

2009-2011

38

31 (RAS agus Tithe Ceannaigh Speisialta ar áireamh ann)

Tithíocht Ghrúpa

Sprioc

Toradh

2009-2011 4 2

- Droimín, Dún Léire - tosófar ar dhá aonad a thógáil i mBealtaine 2012

PLEANÁIL POBAIL

I gcaitheamh na bliana 2011 chuir Comhairle Contae Lú tús le bunscóil 16 sheomra ranga a thógáil ar Bhóthar Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha i dtionscadal píolóta leis an Roinn Oideachais & Scileanna. Sholáthair an t-údarás seo an dearadh agus an tógáil araon. Meastar go dtógfar tionscadail eile den chineál céanna.

Sa tréimhse chéanna, osclaíodh clóis súgartha nua nó tógadh iad ag An Tiarnas agus Cill Eanaigh, mar ar cuireadh tús le Áit Chluichí Ilúsáide laistigh de Pháirc na gCreagacha Dubha.

DEONTAIS TITHÍOCHTA

Thairg Comhairle Contae Lú deontais faoi Scéim Deontas na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ar feadh roinnt míonna sa bhliain 2011. Tá siad liostaithe thíos.

	Uimh.	LUACH IOMLÁN
Deontais Oiriúnaithe do Thithe Deontais Oiriúnaithe do Thithe (íochta agus ceadaithe go críochnaitheach)	67	€715,143
Áiseanna Tithíochta do Dhaoine Scothaosta Áiseanna Tithíochta do Dhaoine Scothaosta - íochta	5	€16,196
Deontais um Áiseanna Gluaisteachta Deontais um Áiseanna Gluaisteachta (íochta agus ceadaithe go críochnaitheach)	79	€381,601
IOMLÁN	212	€1,112,940

Comhairle Baile Dhún Dealgan

An Rannóg Tithíochta. – Staitisticí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

- Ag deireadh bliana Nollaig 2011 bhí 2159 ar liosta tithíochta Chomhairle Baile Dhún Dealgan.
- Ba é 1420 stoc na dtithe ag deireadh bliana Nollaig 2011.
- Fuarthas 1851 iarratas ar chothabháil an stoic thithíochta sa bhliain.
- Maidir le réadmhaoine RAS i gCeantar Dhún Dealgan bhí

62	RAS Príobháideach
13	Deonach
10	Faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil
<hr/>	
85	RAS Dún Dealgan

Tá Comhairle Baile Dhún Dealgan freagrach anois ar aonaid léasaithe fadtéarmacha a fhoinsiú le haghaidh Contae Lú ina iomláine.

Tionscnamh rialtais is ea léasú fadtéarmach a fhéachann le slándáil tionachta fadtéarmach a sholáthar do dhaoine nach bhfuil an t-airgead acu chun an chóiríocht sin a sholáthar dóibh féin. Léasaítear réadmhaoín ón earnáil phríobháideach ar feadh tréimhse suas go 20 bliain.

Ráthaítear cíosanna ar feadh na tréimhse léasa ar fad ach tá siad faoi réir athbhreithnithe ag brath ar choinníollacha an mhargaidh. Tugtar na tithe sin ar léas do dhaoine atá ar liostaí feithimh tithíochta an údaráis áitiúil.

Is iad na buntáistí d'úinéirí réadmhaoine chónaithe a dteastódh uatha a réadmhaoín a léasú ar feadh 10 mbliana nó le cois:

- Cíos míosúil ráthaithe a bheith íoctha roimh ré
- Ní chailltear cíos toisc an réadmhaoín a bheith folamh
- Níl aon bhuairt mar gheall ar bhainistiú nó cothabháil na réadmhaoine
- Ní gá don úinéir déileáil le saincheisteanna na dtionóntaí.
- Níl aon chostas fógraíochta ag gabháil leis
- Ní gá an cháin ar an dara áit chónaithe a íoc (NPPR)
- Ní gá clárú leis an PRTB

Seo a leanas na figiúirí léasa ag deireadh mhí na Nollag 2011

Ceantar	Iarratais a fuarthas (aonaid)	An Líon atá fós á gcomhlíonadh	Ceadaithe/Cealaithe	An Líon a léasaíodh
Lú Thuaidh	178	100	37	41
Lú Láir	14	13	0	1
Lú Theas	8	7	1	0
Iomlán	200	120	38	42

Clár Rapid - DÚN DEALGAN

Bhí Clár Rapid Dhún Dealgan an-ghnóthach le cúpla bliain anuas, ag díriú ar lánpháirtíú, ar cheannaireacht agus ar infheistíocht nua. Tríd an obair a rinne Foireann Fheidhmiúcháin Ceantair RAPID Dhún Dealgan tugadh roinnt beart chun críche sa dá cheantar RAPID i nDún Dealgan, Diméin Cox agus Muirtheimhne Mór. Is iad na fóraim eile atá ag díriú go gníomhach ar bhearta lánpháirtíochta pobail i gceantair RAPIS ná Grúpa Gníomhaíochta Drugaí Dhún Dealgan agus an Grúpa Forbartha do Chiste Áiseanna agus Seirbhísí na nÓg, agus is é comhordaitheoir RAPID a éascaíonn an dá ghrúpa.

Ar na príomhbhearta a cuireadh i gcrích sa bhliain 2011 bhí:

➤ **CCTV a bheith anois i gceantair RAPID DHÚN DEALGAN**

Cabhróidh an córas nua CCTV chun daoine a dhíspreagadh ó choireacht íseal-leibhéal agus ó iompar frithshóisialta. Soláthróidh sé fianaise chomh maith a chabhróidh leis na húdaráis/leis an Gharda ciontóirí a ionchúiseamh. Cuid de chur chuige comhpháirtíochta le grúpaí áitiúla cónaitheoirí RAPID agus le CBDD is ea an tionscadal CCTV, agus

suiteáladh an córas chun timpeallacht níos sábháilte a sholáthar do chónaitheoirí i nDiméin Cox agus i Muirtheimhne Mór agus chun a dtimpeallacht fhisiceach, is é sin a spásanna oscailte, áiteanna taitneamhachta agus a dtithe a chosaint.

- **Fuarthas Cistiú caipitil spóirt** d'údaráis áitiúla sa bhliain 2011 chun trealamh aclaíochta do dhaoine scothaosta a shuiteáil i bpáirceanna i gceantar RAPID, agus chun MUGA i nDiméin Cox a nuachóiriú tar éis damáiste a bheidh déanta dó i ndóiteán. Tá an obair tugtha chun críche anois agus sheol an Cathaoirleach Marianne Butler an trealamh go hoifigiúil i Márta 2012 faoi Bhliain na hEorpa um Dlúthpháirtíocht idir na Glúinte. Thaispeáin grúpaí daoine scothaosta (Croí Óg) agus leanaí ón gceantar an trealamh i mbun oibre ag an seoladh.
- **Tionscadal Bhlianta Dochreidte Dhún Dealgan**- Tá grúpa stiúrtha ag obair ar an tionscnamh seo ó mhí na Nollag 2008. Chláraigh ocht scoil chun buntáiste a bhaint as an tionscadal, agus tá gach ceann de na ceithre bhunscoil i gceantair RAPID bainteach go gníomhach leis an tionscnamh. Go dtí seo cuireadh oiliúint ar mhúinteoirí agus ar phearsanra scoile ocht scoil rannpháirteacha (200+) mar chuid den chlár. **Bunaíodh Grúpaí tuismitheoirí** gach bliain sna scoileanna rannpháirteacha agus bhí 120 tuismitheoir páirteach sna grúpaí sin go dtí seo. As sin tháinig searmanas do dhaoine a chríochnaigh an cúrsa i mí an Mheithimh i Halla an Bhaile mar ar bhronn an tAire Gnóthaí Leanaí agus Óige, Frances Fitzgerald, teastais ar na tuismitheoirí a chríochnaigh an cúrsa.
- **Tionscnamh nua áitiúil oiliúna - Diméin Cox agus tionscadal píolóta DKIT** - Thug FÁS an solas glas chun tús a chur le tionscnamh nua áitiúil oiliúna i nDiméin Cox chun tosú sa bhliain 2012. Ó Mheán Fómhair 2011 i leith bhí cruinnithe ann idir an grúpa stiúrtha ar a bhfuil grúpaí reachtúla/pobail agus rannóg meán cruthaitheach DKIT chun clár oiliúna a cheapadh a bhainfidh leas as na féidearthachtaí a ghabhann le meáin chruthaitheacha do dhaoine óga a chónaíonn i gceantar RAPID. D'fhaomhaigh FÁS an tionscnamh seo mar thionscadal píolóta atá le tosú i mBealtaine 2012. Tá an **Tionscnamh Áitiúil Oiliúna i Muirtheimhne Mór** ar siúl i gcónaí, ag díriú ar dhaoine óga idir 16 agus 25 bliain ar mian leo oiliúint chreidiúnaithe a fhail laistigh dá gceantar féin. Seo í an cúigiú bliain den chlár a fhéachann le daoine óga a bhaint den bheochlár nó iad siúd a d'fhág an scoil go luath a earcú agus iad a chumhachtú le scileanna praiticiúla oiliúna, pearsanta agus acadúla.
- **Camplaí Samhraidh/Cásca RAPID agus Craobhchomórtas Futsal** Ritheadh campa Cásca Sacair Deirféar FAI i bPáirc Oiriaila i laethanta saoire na Cásca agus d'fhreastail 30 cailín idir 7 agus 11 bhliain déag air.
- **Coiste Bainistíochta Eastát RAPID:** bhí cruinnithe ag an gcoiste bainistíochta eastát seo chun Beartas Rannpháirtíocht Tionóntaí Údaráis Áitiúla Lú a chur i bhfeidhm agus chun caidreamh dearfach a chur ar aghaidh idir údaráis áitiúla agus pobail. Cuireadh comharthaíocht maidir leis an tionscnamh dramhaíola téagartha agus deoch meisciúil suas in eastáit RAPID, agus leabhair fineálacha don Gharda chun iompar frithshóisialta a chomhrac.

Clár Rapid - DROICHEAD ÁTHA

Lean clár RAPID Droichead Átha sa bhliain 2011 de chúltaca comhordaithe agus riaracháin a sholáthar d'fho-ghrúpaí téamacha RAPID. Soláthraithe seirbhíse is ea baill na bhfo-ghrúpaí sin agus soláthraíonn siad an creat a mheastar atá riachtanach le cinntiú go ndírítear seirbhísí ar na ceantair sin is mó atá ina ngátar. Áirítear seacht gcinn d'eastáit RAPID ar cheantair Dhroichead

Átha. I gcás ina bhfuil forluí, cuirtear na heastáit tithíochta sóisialta sa chomharsanacht a forbraíodh ón mbliain 2001 i leith ar áireamh.

Samplaí den méid a baineadh amach sa bhliain 2011 i bhfianaise téamacha straitéiseacha:

Sábháilteacht pobail/iompraíocht fhrithshóisialta: D'óstáil RAPID Dhroichead Átha/Comhairle Buirge Dhroichead Átha seimineár idirghníomhaireachta agus lá oscailte ar fhreagairtí gairmiúla agus pobail do theaghlaigh agus do dhaoine óga atá ag fulaingt éifeachtaí mí-úsáid substaintí le Des Corrigan, NCAD; an Dr Bobby Smith, Síciatraí Comhairleach Leanaí & Ógánach; Fiona Carolan, teiripeoir teaghlaigh agus treoirchomhairleoir d'aosaigh ag Ionad Cóireála Drugaí Bhaile Átha Cliath. Chreidiúnaigh Coláiste Lia-Chleachtóirí na hÉireann an seimineár.

Rinneadh iniúchadh ar na tacaíochtaí áitiúla atá ar fáil do dhaoine a mhí-úsáideann substaintí. D'éirigh go rí-mhaith leis an gclár píolótach laghdaithe dochair/malartaithe snáithidí i nDroichead Átha agus cuireadh é ar fáil i nDún Dealgan agus sa chuid eile den réigiún níos déanaí.

Ghlac 60 duine óg páirt i gcrabhbhómórtas peile sráide agus bhí 15 ógánach eile páirteach i ranganna ealaíon ar feadh sé seachtain i dtréimhse Oíche Shamhna. Bhí 60 ógánach páirteach i gcrabhbhómórtas sacair Cásca i nDroichead Átha a ritheadh i gcomhar le Comhairle Contae Lú. Uair amháin eile chonacthas comhar suntasach pobail i bhfeachtas Oíche Shamhna 'Ná Dóigh É! Cuir sa Scip É!'

Oiliúint & Fostaíocht: Bhí lá oscailte píolótach oiliúna agus fostaíochta ann ar éirigh chomh maith sin leis go leathnófar é sa bhliain 2012 le tacaíocht oifig Laochra Áitiúla Dhroichead Átha. Fuarthas cistiú ón Roinn Coimirce Sóisialaí le haghaidh tionscadal Scileanna Beatha a cuireadh ar fáil in ionad acmhainne teaghlaigh CONNECT agus ghlac 48 duine óg eile páirt i dTionscnamh Oiliúna Dhroichead Átha. Tá RAPID ag tacú go gníomhach le soláthar scéim TUS agus tá breis is 30 duine socraithe anois i dtionscadail pobail.

Tacaíocht Teaghlaigh: Cuireadh an Clár um Neartú Teaghlach, clár oiliúna 14 seachtain i scileanna, ar fáil do naoi theaghlach agus a siblíní déagóra ar áireamh. Tháinig na hatreoruithe ó chúig cinn de ghníomhaireachtaí agus ráta 100% freastail a bhí ann. Bhí tionchar suntasach ag an gClár um Neartú Teaghlach. Is é Comhordaitheoir RAPID atá i gceannas ar choiste stiúrtha an chlár i nDroichead Átha.

Tacaíodh le tionscnamh um tuismitheoireacht dhearfach i dTeach Pobail Ráth Mhaoláin le haghaidh ocht dteaghlach mar thionscadal leantach ar an gClár um Neartú Teaghlach.

Leathnaíodh tionscadail na mBlianta Dochreidte atá i bhfeidhm ó 2007 i leith. Díríonn an tionscadal anois ar chúig cinn de scoileanna DEIS i nDroichead Átha, agus mar aon le tionscadal Bogha Báistí, tá sé ar fáil tríd an gCoiste Limistéir Áitiúil Oideachais ag díriú ar scoileanna a fhreastalaíonn leanaí i gceantair RAPID orthu. Lean an phleanáil sa bhliain 2011 chun 'Céimeanna Beaga go dtí an Scoil Mhór' a fhorbairt. Tionscadal idirlinne é a dhíríonn ar chreiseanna i gceantair RAPID agus i scoileanna sóisearacha.

Athbhunaíodh Líonra Saoránach Scothaosta Dhroichead Átha ar iarratas ón bpobal agus ó ghrúpaí deonacha a dhíríonn ar dhaoine scothaosta. Léirigh iniúchadh ar sheirbhísí an méid suntasach oibre a dhéanann saorálaithe i nDroichead Átha.

An Comhshaoil: Chomhordaigh RAPID roll amach an Tionscnaimh um Phobal Inbhuanaithe i nDroichead Átha i dtrí áit ar leith i bPáirc Ráth Mhaoláin agus i gCéide Labhráis. Fuarthas

comhoibriú den scoth ó na cónaitheoirí sa dá áit agus tiocfaidh bláth agus fás amach anseo ar an mbunobair a rinneadh. Luadh dhá thionscadal comhshaoil RAPID ar ócáid Entente Florale i mí Iúil. D'oibrigh Tionscnamh Comhshaoil Pobail RAPID go maith le foireann comhshaoil Chomhairle Buirge Dhroichead Átha ionas gur baineadh amach staid a bhí foirfe nach mór ag dhá láthair sa Ghairdín Móinéir i bPáirc Mhuire agus sa Ghleann ag an mBóthar Buí.

Gníomhaíocht Pobail: D'fhreagair 1,112 duine an Suirbhé Pobail Slí Mhaireachtála/RAPID a chlúdaigh Garrán Bál, Ráth Maoláin, Páirc Fhinnéin, Radharc Dhroichead Átha agus Airde Rowan. Treoir a bheidh sa suirbhé seo chun gníomhaíochtaí eile a phleanáil sa cheantar. Bhí an Teach Pobail agus an tAonad um Chothú na Sláinte páirteach sa suirbhé, leis, agus sholáthair siad roinnt eolais luachmhair.

Ceapadh Coiste Stiúrtha sa bhliain 2011 chun plean a chun i dtoll a chéile do chothrom seasca bliain Eastát an Bhóthair Bhuí. Eagraíodh imeachtaí thar dheireadh seachtaine amháin agus bhí na mílte daoine ón eastát i láthair acu. Osclaíodh an t-eastát sa bhliain 1951 agus nuair a smaoinítear go raibh post agus pá rialta agus 99% de na háititheoirí bunaidh, léiriú ab dhéine na géarchéime tithíochta ag an am ab ea na coinníollacha a bhí le fulaingt acu sular aistríodh iad go dtí an Bóthar Buí.

Rinneadh cuid mhaith oibre chun tacaíochtaí a fhorbairt ag 229 Ráth Maoláin, a dtugtar an Teach Pobail air anois. Neartaíodh an tseirbhís chomhairleoireachta teaghlaigh tar éis feachtas fógraíochta agus tionscadal nua ar nós 'Fás do Chuid Féin', oiliúint don Scrúdú Teoirice don Cheadúnas Tiomána. I measc na dtionscnamh nua a d'óstáil an bord deonach bhí oiliúint litearthachta agus ríomhaire duine le duine.

Iompar & Muirí

'To maintain a high quality road network that supports and facilitates a modern transportation system that is accessible, safe, smart and integrated and which responds to the needs of the people of the county.'

IOMPAR

- Cothabháil gheimhridh - bhí an aimsir go dona sa chuid luath den bhliain agus choimeádamar gach bóthar tábhachtach ar oscailt d'ainneoin an aimsir a bheith níos measa ná uair ar bith eile le fiche bliain anuas. Tá ardmholadh ag dul don fhoireann ceantair agus don fhoireann amuigh as an tsáriarracht a rinne siad nuair a bhí an staid go holc.
- N53 – ceapadh conraitheoir agus cuireadh tús le hoibreacha tógála ar roinn trí chiliméadar ó Bhaile Nua Dealgan go Baile an Bharúnaigh.
- Rinne dul chun cinn eile ar na Nósanna Imeachta Reachtúla le haghaidh Droichead an Chaoluisce agus taisceadh an tOrdú Ceannaigh Éigeandála agus an Ráiteas Tionchair Timpeallachta leis an mBord Pleanála.
- Lean ceannach na dtailte le haghaidh Seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia.
- R178 idir an Cabhán agus Dún Dealgan - Ullmhaíodh Dréachtdhearadh Tosaigh.
- N51 An Ghráinsigh Bhig, Droichead Átha go dtí an Uaimh - ceannach na talún tugtha chun críche agus conraitheoir ceaptha.
- Cuid 8 formheasta le haghaidh Droichead Bhaile an Mhápasaigh.
- Ailíniú an N52 idir Bhaile Ghib agus Baile Stiofáin - conarthaí um imscrúdú talún agus seandálaíochta tugtha chun críche, agus an réamhdhearadh déanta.
- Tús curtha le hoibreacha leis an acomhal idir Bhóthar an tSeanmhachaire Gailf agus an R132.
- Cosáin nua curtha ar fáil ag áiteanna éagsúla i mBaile Átha Fhirdhia agus i Sráidbhaile Lú agus in áiteanna eile.
- Cuireadh trí thrasrian coisithe nua ar fáil i mBaile Átha Fhirdhia faoin gclár Taisteal Cliste.
- Baile an Ghearlánaigh - feabhsú déanta ar an acomhal ar Bhóthar an Stáisiúin.

Lena chois sin, rinne an Rannóg Iompair

- *cóiriú dromchhla agus/nó neartú ar 122 km de bhóithre áitiúla agus ar 25 km de bhóithre réigiúnacha;*
- *Críochnaíodh 2 Scéim Feabhsúcháin Áitiúil;*
- *Críochnaíodh 2 Scéim Ranníocaíochta Áitiúla;*

- *Críochnaíodh 5 Scéim um Fheabhsú Sábháilteachta ar Bhóithre Náisiúnta agus 10 Scéim ar Bhóithre Réigiúnacha;*
- *Tógadh sé eastát tithíochta i gcúram.*
- *Leanadh den chlár sábháilteachta ar bhóithre trí Chlár Lú um Chosc ar Imbhualtí, Sirriam an Chríos Sábhála, agus comhar le hócáidí an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre.*
- *Coimeádadh a chreidiúnú faoi chóras bainistíochta comhshaoil ISO 14001.*

MUIRÍ

Críochnaíodh Oibreacha Cosanta Cósta Bhaile Trá.

Ceapadh comhairlithe le haghaidh Staidéar ar Chlaífort Bhaile na Lorgan

Grianghraf x 1 : Trasrian Coisithe N2.jpg

Comhairle Buirge Dhroichead Átha

RANNÓG NA MBÓITHRE

Grianghraf

Tógáil Bóthair – Nascbhóthar idir Sráid an Pháláis agus Sráid San Proinsias

Gníomhaíochtaí 2011

- Cothabháil bóithre agus cosán ar fud na Buirge.
- Feidhmiú Fhodhlithe Seastán Ceaptha Dhroichead Átha (Feithiclí Seirbhíse Sráide) 2008 arna leasú 2011
- Atógáil bóthair agus dromchla nua ag Sráid Dominic; Lána an Róistigh; Lána Simcock; Lána Chromail; Sráid an Bhréadúnaigh; Bóthar Átha Cliath; Bóthar na Stroighne; Bóthar IDA; Bóthar an Mhéirse; Bóthar Ráth Maoláin agus Ascaill a Trí, An Bóthar Buí.
- Atógáil cosán ag Sráid an Teampaill; Sráid an Pháláis; Sráid Phádraig; Sráid an Phiarsaigh; Páirc Ráth Maoláin agus Páirc Bhaile an tSrutháin.
- Nascbhóthar nua tógtha idir Sráid an Pháláis agus Sráid San Prionsias.
- Trasrian soilsithe nua tógtha ag Bóthar an Tobair Nua agus ag Bóthar Ráth Maoláin.
- Scéim feabhsúcháin ísealchostais ar an R150 Bóthar an Mhéirsigh.
- Taisteal Cliste: Bóthar Bhaile an Éinigh, Scoil Náisiúnta Bhaile an Einigh - lána rothair 1.35 km, athruithe ar chosáin, trasrian coisithe agus comharthaí; Bóthar an Tobair Nua, Meánscoil Naomh Iósaef - raon rothair 0.15 km go nasc atá ann cheana féin agus áiseanna stórála rotha a sholáthar.
- Eagraíodh 'Rothaigh go dtí an Obair' an 22 Meán Fómhair 2011 mar chuid de thionscnamh 'Lá Rothaíochta go dtí an Obair' Sheachtain Shoghluaisteachta na hEorpa agus eagraíodh an chéad turas rothair poiblí 10 km eile i nDroichead Átha ó Pháirc San Dominic.
- Marcáladh cuasacha don lucht míchumais ar bhóithre in áiteanna éagsúla.
- Rinneadh uasghrádú ar mharcanna bóthair agus ar chomharthaí in áiteanna éagsúla.

- Scéim feabhsúcháin eastát tithíochta lena n-áirítear atógáil bóithre agus dromchla nua ag Páirc Ráth Mhaoláin agus ag an Mhónaidh Mhór.
- Áiteanna breise páirceála in áiteanna éagsúla.
- Suirbhé ar shócmhainní soilsithe poiblí laistigh den Bhuirg. Cothabháil agus uasghrádú ar bhonneagar soilsithe poiblí na Buirge.
- Oibreacha don lucht míchumais lena n-áirítear teacht a thabhairt don lucht míchumais ar chosáin in áiteanna éagsúla.
- Bainistíocht laethúil tráchta, monatóireacht agus cothabháil ar chomharthaí tráchta lena n-áirítear comhaireamh tráchta agus luais in áiteanna éagsúla.
- Measúnú ar iarratais phleanála agus ar thuairiscí bóthair.
- Gnáth-chothabháil ar bhóithre agus ar chosáin.
- Monatóireacht agus cothabháil ar shilteáin ar bhóithre.
- Athnuachan ar mharcanna agus ar chomharthaí bóthair agus cinn nua curtha ar fáil in áiteanna éagsúla.
- Cothabháil agus forfheidhmiú i gcás Páirceáil Íochta.
- Cothabháil gheimhridh - sneachta a bhaint agus leathadh grin a dhéanamh ar bhóithre agus ar chosáin feadh bhealaí grine.

Seirbhísí Uisce, Comhshaoil & Éigeandála:

‘Chun soláthar a dhéanamh le haghaidh seirbhísí uisce agus dramhaíola ar ardchaighdeán chun riachtanais forbartha an chontae a chomhlíonadh agus an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú ag an am céanna.’

Bainistíocht Dramhaíola

Lean Comhairle Contae Lú de bheith ag obair le húdaráis áitiúla eile sa réigiún chun spriocanna Phlean Bainistíochta Dramhaíola an Oirthuaiscirt a bhaint amach.

D'atreoigh an tseirbhís araidí bruscair dhonna i nDún Dealgan, i mBaile Átha Fhirdhia agus sna Creagach Dubha méideanna móra dramhaíola orgánaí ó láithreáin líonta talún. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an bPlean i gcaitheamh na bliana.

Tugadh faoi thionscnaimh éagsúla chun feasacht a mhéadú ar cheartúsáid na n-araidí donna agus glasa, lena n-áiríodh imeachtaí in ollmhargaí agus suirbhéanna i dtaobh athchúrsáil bhaile.

Athchúrsáil

Chonacthas torthaí den scoth uair amháin eile sa bhliain 2011 ar athchúrsáil i gContae Lú. Sáraíodh gach curiarracht a bhí ann go dtí sin ó thaobh méideanna a athchúrsáil ag líonra na nIonad Beir Leat ar fud an chontae.

Tugadh faoi feachtais um íoslghdú dramhaíola agus athchúrsáil le grúpaí pobail agus scoileanna, lena n-áirítear feachtas chun feasacht a mhéadú ar conas batairí tí a athchúrsáil agus seó faisin athchúrsála i mBaile Átha Fhirdhia.

Ainmníodh Comhairle Contae Lú mar Údarás Áitiúil Athchúrsála na Bliana as a chlár athchúrsála, an fheidhmíocht láidir i dtaca le hathchúrsáil agus forfheidhmiú éifeachtach na rialachán pacáistíochta agus bhuaigh Ionad Athchúrsála Dhún Dealgan an duais d'Ionad Athchúrsála na Bliana.

Buaicphointe eile ab ea an Dámhachtain Athchúrsála Eorpach a bronnadh ar an gcontae as an méid ba mhó Threalamh Leictreach agus Leictreonach agus fuíoll-bhatairí a thabhairt ar ais sa bhliain 2011.

Láithreán Líonta Talún na hAbhann Báine

Sa bhliain 2011, d'oibrigh an tsaoráid líonta talún de réir na gcoinníollacha atá leagtha síos i gceadúnas an EPA. Bhí cruinnithe rialta ann idir oifigigh na Comhairle agus cónaitheoirí áitiúla chun an cleachtas is fearr is féidir a chinntiú ó thaobh bhainistíocht an láithreáin.

Tosaíodh i Samhain 2011 ar bhunluaith loisceora neamhghuaiseach a ghlacadh ó loisceoir Indaver ag Damhliag. Laghdaíodh an t-ioncam ón láithreán líonta talún de dheasca an chúlaithe sa gheilleagar. Cinneadh go gcuirfear deireadh le líonadh talún ag an Abhainn Bhán a luaithe a bheidh Céim a Cúig tugtha chun críche.

Meastar go sroichfear an pointe sin sa bhliain 2013. Cuireadh tús le himscrúduithe ar cé mar a d'fhéadfaí gás líonta talún a úsáid chun leictreachas a ghiniúint ag féachaint le leictreachas a onnmhairiú go dtí an greille náisiúnta.

Forfheidhmiú Comhshaoil

Lean Comhairle Contae Lú de bheith ag forfheidhmiú na reachtaíochta comhshaoil go gníomhach. Lean an rannóg comhshaoil d'údaruithe cuí a eisiúint faoin reachtaíocht chomhshaoil.

Cúig phríomhréimse a chlúdaíonn forfheidhmiú na reachtaíocht comhshaoil: dramhaíl, bruscar, uisce, aer agus torann.

Ar áireamh san fhorfheidhmiú dramhaíola bhí cigireachtaí agus iniúchtaí ar áiseanna dramhaíola ceadúnaithe, ar theastais cláraithe agus ar shealbhóirí ceadanna bailithe dramhaíola.

Tá oibríochtaí ilghníomhaireachta cuí ar siúl i gcónaí. Eagraítear seicphointí bóthair i gcomhar leis an nGarda Síochána agus an Oifig Lastas Trasteorann Náisiúnta. Bhí gearáin á bhfáil i gcónaí agus á n-imscrúdú agus tionscnaíodh imeachtaí dlí i gcásanna inar chúí. D'éirigh le hiarrachtaí ionchúisimh faoin Acht um Bainistíocht Dramhaíola 1996 arna leasú.

Áiríodh ar fhorfheidhmiú dramhaíola cigireachtaí chun géilliúlacht do reachtaíocht um fhreagracht táirgeora a chinneadh, lena n-áirítear an Tobhach Málaí Plaisteacha; An Tobhach ar Phlaisteach Feirme; Feithiclí Deireadh Saoil; Pacáistiú WEEE; Rialacháin Batairí agus Bonn.

Uair amháin eile, caitheamh lear mór airgid sa bhliain 2011 ar láimhsiú agus ar dhiúscairt fotháirgí a bhain le gníomhaíochtaí um neachtlanú mídhleathach díosail i gceantar na teorann. Mhéadaigh líon na nglantachán riachtanach ón gníomhaíocht seo i Lú ón mbliain 2010.

Ceapadh conraitheoir tar éis tairiscintí iomaíocha chun an áis dramhaíola sa chlós innealra a uasghrádú chun dromchla leaca coincréite athneartaithe agus séalaithe a sholáthar ar fud an chlóis agus córas nua draenála a scaoilfeadh isteach in idircheapóir ola. Áirítear air sin rampa

Iódála nua, cithfholcadh éigeandála agus claí nua slándála. Dá thoradh sin, déanfar an dríodar díosail a stóráil agus a athphacáil ar shlí shábháilte.

Ar na gearáin chomhshaoil eile a fuarthas bhí gearáin maidir le torann, truailliú aeir agus truailliú uisce agus imscrúdaíodh iad agus tionscnaíodh imeachtaí dlí má ba chúí. Cuirtear cigireachtaí agus iniúchtaí ar cheadúnais scaoileadh eisilteach i gcrích de réir plean a cuireadh ar aghaidh chuig an EPA (An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil) ar bhonn bliantúil.

Bainistíocht Bruscair

Tá Comhairle Buirge Dhroichead Átha, Comhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhairle Contae Lú ag leanúint de bheith ag forfheidhmiú an Acht um Truailliú Bruscair agus uair amháin eile cláraíodh an líon ba mhó fíneáil i dtaca le bruscar sa bhliain 2011, an tráth ar eisíodh 511 fíneáil.

Mar thaca le 'bata' na bhfíneálacha cuireadh cur chuige 'cairéad' i bhfeidhm i sraith tionscnamh um fheasacht ar bhruscar, cuairteanna ar scoileanna agus tacaíocht le haghaidh Glantachán Náisiúnta an Earraigh ar tháinig 4,000 saorálaí amach ar shráideanna Chontae Lú lena linn chun an contae a ghlanadh suas. Breis amháin a cuireadh go rathúil leis an bhfeachtas sin ab ea an Glantachán Earraigh ag Slí Amach 14 ón M1 ag bail de Bhailte Slachtmhara Chontae Lú in Éineacht a thaistil ó áiteanna ar fud an chontae chun tabhairt faoin gcomhthionscnamh an-rathúil seo.

Clár na Scoileanna

Faoi dheireadh na bliana 2011 bhí 163 Bratach Glas ar foluain os cionn Chontae Lú, rud a léiríonn feabhas na gclár bainistíochta bruscair agus dramhaíola ar fud an chontae.

Tá cláir bainistíochta fuinnimh, caomhnaithe uisce agus taistil inbhuanaithe ar mórchuid scoileanna anois, mar chuid den phróiseas seo, agus tá cuid acu ag tabhairt aghaidh ar théama na bithéagsúlachta.

Bhí bliain rathúil eile ag an Scéim Duaiseanna Bunscoile áitiúil agus lean Energia dá urraíocht chun an feachtas a chomh-mhaoiniú.

Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara

D'éirigh go rí-mhaith le Comórtas na mBailte Slachtmhara sa chontae arís sa bhliain 2011. Fuair Baile an Tallúnaigh, Dún Dealgan agus Droichead Átha bonn óir an baile agus fuair Droichead an Chnoic bonn airgid. Bhuaigh Droichead an Chnoic an Duais Réigiúnach, leis, dá dtionscnamh bithéagsúlachta 'Tabhair Aird ar an Dúlra' agus bhuaigh Baile Átha Fhirdhia an Duais Náisiúnta Crainn.

De thoradh an ratha sin, d'óstáil Lú, uair amháin eile, na Duaiseanna Réigiúnacha i mBaile an Tallúnaigh agus chuir an sráidbhaile fáilte roimh an Uachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa nuair a chuaigh sí ann chun Leac a nochtadh go hoifigiúil i gcomóradh ar bhua an bhaile i gComórtas na mBailte Slachtmhara.

Comhpháirtithe ab ea an rannóg comhshaoil agus an rannóg tithíochta agus Duaiseanna Dheabhail ar Chontae Lú 2011 á n-eagrú, inar tugadh onóir do chumainn cónaitheoirí ar fud an chontae as a gcuid oibre deonaí chun cur i láthair a mbaile féin agus caighdeán na beatha ina bpobal féin a fheabhsú.

Caighdeán an Uisce

Tá Creat-Treoir Uisce an AE á fheidhmiú i bhfoirm Pleananna um Bainistíochta Abhantraí in Abhantrach Eachach na Banna agus in Abhantrach na hAbhann Thoir. Cuireadh tús sa bhliain 2010 leis na chéad bhearta chun spriocanna caighdeán an uisce a bhaint amach, lean siad ar aghaidh sa bhliain 2011 agus tabharfar chun críche iad sa bhliain 2015.

Bhí monatóireacht á déanamh i gcaitheamh na bliana ar chaighdeán an uisce snámha agus chomhlíon sé an caighdeán riachtanach. Choimeád Lú an Bratach Gorm cáiliúil ar a thránna ag Baile an Teampaill, Port agus Ceann Chlochair sa bhliain 2011.

Bainistíocht Fuinnimh

D'iarr an Chomhairle tairiscintí sa bhliain 2011 le haghaidh leictreachais agus díosal bóthair. Spáráladh mórchuid airgid dá bharr agus déantar monatóireacht níos fearr ar úsáid, leis.

Tá Comhairle Contae Lú ar cheann de na comhlachtaí poiblí píolóta a bheidh ag glacadh páirte i monatóireacht agus tuairisciú ar ídiú fuinnimh, agus bainfear úsáid as an uirlis sin chun géilliúlacht don sprioc um laghdú 33% ar ídiú fuinnimh a mheasúnú. Chun na críocha sin, measúnófar an laghdú faoin mbliain 2010 in aghaidh bonnlíne den ídiú meánach bliantúil idir 2006 agus 2008. Táirgfear scórchárta i ngach bliain suas go dtí 2020 chun dul chun cinn i dtreo na sprice a léiriú.

Sábháilteacht Bia

Lean obair chonartha seirbhíse don FSAI ar aghaidh de réir sceidil sa bhliain 2011. Rinneadh 250 cigireacht agus 16 iniúchadh iomlán i gcaitheamh na bliana.

Póna na nAinmhithe

D'éirigh leis an bpóna baile nua a fháil do mhórchuid ainmhithe sa bhliain 2011. Tháinig duine éigin chun 90% de na 700 madra a chuaigh isteach sa phóna a bhailiú nó fuarthas baile nua dóibh. Bhí líon na gceadúnas chomh hard agus a bhí riamh. Ceannaíodh breis is 6,000 ceadúnas sa bhliain 2011.

Ábhar buartha ab ea leas capall sa bhliain 2011, de thoradh an chúlú sa gheilleagar, agus tógadh seacht gcapall isteach sa phóna, cuid acu agus droch-bhail orthu.

Choimeád an Póna caighdeán comhshaoil ISO 14001 sa bhliain 2011 tar éis cigireacht a bheith déanta ag comhlacht neamhspleách creidiúnaithe.

An tSeirbhís Dóiteáin

Cuireadh tús sa bhliain 2011 ar athstruchtúráil Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála an chontae de bhun tograí a fhéachann le seirbhís lánaimseartha a bhaint amach i Lú a cuireadh chun cinn ag bainistíocht na seirbhíse dóiteáin.

Lean an treocht anuas i nglanna éigeandála sa bhliain 2011. D'fhreagair Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Dhún Dealgan 564 glao; freagraíodh 699 glao i nDroichead Átha agus 271 glao ón gcuid eile de Chontae Lú.

Seachadadh inneall dóiteáin nua i nDroichead Átha agus téann sé sin chuig timpistí tráchta bóthair i Lú agus in oirthear na Mí.

Cuireadh an clár sábháilteachta ar dhóiteáin ag an mbaile ar fáil do bhunscoileanna i gContae Lú sa bhliain 2011.

Tugadh chun críche an dearadh le haghaidh Ionad Oiliúna Seirbhís Dóiteáin leathnaithe agus uasghrádaithe i nDún Dealgan agus tá sé faoi réir phróiseas pleanála Chuid 8. Tá beartaithe conraitheoir a fhostú chun an leathnú seo a thógáil sa bhliain 2012, faoi réir cheadú an Rialtais.

Rinne an Rannóg Coiscthe Dóiteáin cigireachtaí sa bhliain 2011 ar áiteanna móra tionóla poiblí, m.sh. clubanna oíche agus bearanna, a mbíonn orthu a gceadúnas a athnuachan gach bliain agus cuireadh i gcoinne an athnuachana go dtí go raibh feabhsúcháin leordhóthanacha deanta ar shábháilteacht ar dhóiteán.

B'éigean an tIonad Áitiúil Comhordúcháin i Halla an Bhaile, Dún Dealgan a ghníomhachtú le linn na droch-aimsire in Eanáir 2011 chun déileáil leis an éigeandáil.

Bhí cruinnithe laethúla ag an ngrúpa straitéiseach seo chun déileáil le héigeandáil na haimsire. Chuaigh Údaráis Áitiúla Lú i gceannas ar an réigiún chun físchomhdháil laethúil a eagrú i measc na bpríomh-ghníomhaireachtaí freagartha réigiúnacha. Chabhraigh sé sin chun comhordú agus comhar a chur chun cinn ar fud an réigiúin i measc na ngníomhaireachtaí cuí.

Bhí Údaráis Áitiúla Lú páirteach i sé cinn de chleachtaí agus de cheardlanna idir-ghníomhaireachta i gcaitheamh na bliana chun pleananna agus nósanna imeachta a thástáil. Tugadh gach plean móréigeandála cothrom le dáta agus athbhreithníodh iad tar éis fhaisnéis na n-imeachtaí sin.

Chríochnaigh pearsanra Údaráis Áitiúla Lú cúrsaí ar mhóréigeandálaí réigiúnacha i gcaitheamh na bliana maidir le Bainistíocht Eolais agus Comhordú ar an Láthair. Bhí lucht Údaráis Áitiúla Lú gníomhach sa Ghrúpa Oibre Réigiúnach agus sa Ghrúpa Stiúrtha i gcaitheamh na bliana, leis.

Cosaint Shibhialta

In Eanáir 2011 ceapadh Oifigeach Cosanta Sibhialta nua Lú, James McConnell, agus threoraigh sé Cosaint Shibhialta Lú i gcaitheamh bliana gníomhaí.

D'fhreastail Cosaint Shibhialta Lú ar 48 dualgas pobail sa bhliain 2011, a bhformhór díobh i gContae Lú, agus ar ócáid na Long Ard i bPort Láirge. Cheannaigh Cosaint Shibhialta dhá fheithicil nua sa bhliain 2011, otharcharr Land Rover 4WD agus feithicil nua lónadóireachta Ford Transit.

Bhí Cosaint Shibhialta páirteach i gcúig chuardach ar dhaoine a bhí ar iarraidh i Lú sa bhliain 2011.

Comhairle Buirge Dhroichead Átha

Caomhnú an uisce

Tá clár caomhnaithe uisce i réim i gcónaí. Fostófar comhairligh chun tionscadal athshlánúcháin ar an bpríomhlíonra a chur ar aghaidh i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan in 2012-2013. Suiteáladh roinnt comhlaí brúlaghdaithe i nDún Dealgan. D'éirigh linn laghdú mór a dhéanamh ar chaillteanas uisce trí chláir fhócasaithe chun sceitheadh a bhrath i gceantar Chuaille agus Dhroichead Átha, agus d'éirigh linn ionchur a laghdú ar roinnt scéimeanna de thairbhe oibreacha leanúnacha. Tá an pacáiste ríomhaire Networking Information Management & Security (NIMS) a bhainistíonn sonraí ag obair go hiomlán anois.

Táillí uisce

Déanann Comhairle Contae Lú gach oibríocht a ghabhann le billeáil custaiméirí neamhtheaghlaigh a bhainistiú go hiomlán anois ar bhonn contae uile. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le sceitheadh agus cur amú uisce a laghdú do chustaiméirí agus tá naisc nach raibh taifeadta cheana á n-aimsiú i gcónaí.

Uisce fuíll

Fuarthas Deimhniú Gléasra Cóireála Uisce Fuíll le haghaidh Ceadúnas Scéimeanna Thigh an Iúir, Uí Mhéith, an Ghrianfoirt agus Áth na gCasán. Rinneadh dul chun cinn teoranta ar chóireáil fheabhsaithe chun leibhéil fosfáite agus níotráite i scaoilte a laghdú in innealra cóireála uisce fuíll Dhún Dealgan.

Tugadh tuarascáil réamhráiteach ar scéim shéarachais Uí Mhéith chun críche agus cuireadh aighneachtaí deiridh le haghaidh Séarachas Bhaile Átha Fhirdhia ar aghaidh go dtí an Roinn.

Rinneadh staidéar cuimsitheach líonra i nDroichead Átha agus aibhsíodh roinnt saincheisteanna nár mhór díriú orthu.

Rinneadh oibreacha suntasacha athchóirithe in oibreacha i nDroim Ineasclainn, i dTigh an Iúir, i gCeann Chlochair agus i gCairlinn agus uasghrádaíodh stáisiúin pumpála ag Tulach Álainn agus Na Creagach Dubha.

Uisce

Rinneadh móroibreacha uasghrádaithe ar an gcóras scagacháin ag innealra cóireála uisce Bhaile Átha Fhirdhia agus ceapadh comhairligh chun dearadh mionsonraithe a dhéanamh le haghaidh Soláthar Uisce Tuaithe Chuaille - Soláthar Uisce Uí Mhéith agus tá súil le tús a chur leis na hoibreacha tógála sa dara leath de 2012.

Tá an phleanáil ar siúl do Chéim 2 d'oibreacha Staleen, Dún Uabhair agus tá súil le dul ar aghaidh go dtí an chéim tógála roimh dheireadh na bliana 2012.

Rinneadh uasghrádú ar threalamh monatóireachta díghalraithe i gceantair éagsúla. Tá clár ar siúl i gcónaí i nDún Dealgan chun píobáin nua a chur in áit píobán luaidhe. Cuireadh tús le hoibreacha uasghrádaithe ar an scagaire trident i ngléasra cóireála uisce Dhroim Chatha ag freastal ar cheantar Bhaile an Ghearlánaigh/Dhún Léire agus é le críochnú go luath sa bhliain

2012. Cuireadh tús, leis, le príomhlíonra naisc idir Cnoc an Chabháin agus Scéim Bhaile an Tallúnaigh agus tá Céim a hAon le críochnú go luath sa bhliain 2012.

Rinneadh obair shuntasach sa chuid luath den bhliain chun damáiste de dheasca na haimsire fuair ag deireadh 2010 a dheisiú.

Rinneadh oibreacha uasghrádaithe lena n-áirítear uasghrádú ar chóireáil agus ar an líonra i sé cinn de ghrúpscéimeanna uisce - scéimeanna Pháirc an tSléibhe, Drybridge Waterunder, Bhaile Mhic Éinigh, Thulach Álainn, Ghráinseach an Dísirt agus Ghráinseach na gCaorach.

Bainistíocht fuinnimh

Rinneadh dul chun cinn breise ar bhainistíocht fuinnimh nuair a suiteáladh córais bhainistíochta i roinnt stáisiún pumpála chun éifeachtacht iomlán a mhéadú. Tá an Chomhairle i bpáirt le roinnt gnóthas san earnáil phríobháideach chun córas rialaithe nua a cheapadh a dhéanadh barrfheabhsú ar ídiú fuinnimh agus ar chumas gléasra. Tá trialacha ar siúl i ngléasra cóireála uisce Dhroim Ineasclainn an t-am ar fad.

Bainistíocht Sócmhainní

Tá clár bainistíochta sócmhainní Invista i bhfeidhm go hiomlán anois i roinnt gléasra cóireála uisce agus críochnófar an roll amach sa bhliain 2012. Forbraíodh an réiteach seo bunaithe ar an nGréasán mar chuid de thionscnamh trasteorann le cuideachta áitiúil agus soláthraíonn sé tacaíocht bhainistíochta chun a chinntiú go mbeidh clár éifeachtacha cothabhála i bhfeidhm agus chun tús áite a thabhairt d'obair dheisiúcháin agus d'athsholáthar sócmhainní. Rinneadh trialacha sa chlár i Lú agus i Luimneach ar an gcéad dul síos agus tá sé á mhargú anois go rathúil i ndeisceart na hAfraice agus sna Stáit Aontaithe.

AN COMHSHAOL ***Grianghraf***

Cnocán an Mhuilinn, Droichead Átha

Ar na bearta cosanta comhshaoil agus rialaithe truailithe a rinneadh i gcaitheamh na bliana bhí glanadh sráideanna, rialú fiailí, lomadh féir agus bearradh fál. Lena chois, rinneadh feabhsúcháin ar cheapacha bláthanna ar fud an bhaile agus cuireadh tús le clár cothabhála crann sa Bhuirg.

Lean monatóireacht ar gháis ag an iar-láithrean líonta talún ar Bhóthar Chollann agus rinneadh suirbhéanna don Chóras Náisiúnta Monatóireachta ar Bhruscar. Bhí an Chomhairle páirteach, leis, i riaradh fhorfheidhmiú an Achta um Láithreáin Thréigthe, 1990 agus i mbaint graifítí.

Bronnadh bonn airgid ar Dhroichead Átha in Entente Florale na hEorpa 2011 agus choimeád sé an bonn óir a bhuaigh sé i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara don cheathrú bliain as a chéile. Aicmíodh Droichead Átha i gcónaí mar Bhaile atá Glan de réir Normacha na hEorpa i dTábla na nGnóthas in aghaidh Bruscair 2011.

Bronnadh €27,000 de dheontais taitneamhachta ar Chumainn Cónaitheoirí agus ar Ghrúpaí Pobail le haghaidh tionscadal chun bainistíocht eastáit agus a dtimpeallacht a fheabhsú.

Grianghraf

Rowan Heights - An Buaitheoir in Áilleacht ar an mBóinn 2011

FEACHTAIS CHOMHSHAOIL DHROICHEAD ÁTHA

*Grianghraf
Garraithe Scóir Dhroichead Átha*

Ar áireamh i bhfeachtais chomhshaoil Dhroichead Átha a ritheadh i gcúrsa na bliana 2011 bhí:

Duaiseanna Áilleacht ar an mBóinn arna n-urrú ag Comhairle Buirge Dhroichead Átha, Coca Cola, V&W Recycling, Scotch Hall, Scholars Townhouse agus Óstán ;
Gníomhaíochtaí Dhroichead Átha mar chuid de Ghlantachán Náisiúnta an Earraigh;
Tá grúpa garraíodóirí scóir Dhroichead Átha ag déanamh forbairtí ar na garraithe scóir i gcónaí;
Tionscnamh Tinte Ealaíon Oíche Shamhna chun an méid dramhaíola a dhóitear a laghdú agus laghdú a dhéanamh ar an gcostas glantacháin, agus
Feachtas Coiscthe Bruscair i gcomhar leis na cúig iar-bhunscoil sa bhaile agus lena rannpháirtíocht.

Seirbhísí Uisce

Clúdaíonn rannóg seirbhísí uisce Chomhairle Buirge Dhroichead Átha an soláthar uisce poiblí agus an tseirbhís séarachais phoiblí agus tá sé freagrach as cothabháil na líonraí dáileacháin uisce agus draenála i nDroichead Átha.

An Soláthar Uisce Poiblí

Soláthraíonn Comhairle Contae Lú an soláthar uisce poiblí do bhaile Dhroichead Átha, do chodanna de Lú Theas agus do chodanna de Mhí Thoir. Is í Abhainn na Bóinne príomhfhoinsé an uisce do bhaile Dhroichead Átha.

Baintear uisce as Abhainn na Bóinne ag An Ghráinseach Gharbh (Dún Uabhair) agus déantar é a phumpáil as sin go Gléasra Cóireála Uisce Staleen. Déantar an t-uisce a chóiriú ag Staleen sula dtéann sé isteach sa líonra dáileacháin uisce a fhreastalaíonn ar Dhroichead Átha agus ar an gceantar máguaird. Foinse fhorlíontach uisce le haghaidh Droichead Átha is ea gléasra cóireála uisce Halla an Róis, atá suite ar an taobh thuaidh den bhaile. Ar áireamh sa soláthar sin tá stóráil abhantraí ag taiscumair Bhearna Aitinne agus Chill Ó nDaighre agus déantar an chóireáil ag Halla na Rós.

Comhairle Buirge Dhroichead Átha atá freagrach as cothabháil an líonra píobán dáileacháin uisce.

Seirbhís Séarachais Phoiblí

Tá acmhainn 101,000pe (cóimheas daonra) ag Gléasra Cóireála Uisce Fuíll Dhroichead Átha. Tá conradh fiche bliain d'oibriú agus do chothabháil an ghléasra i bhfeidhm ó Eanáir 2004 i leith.

Comhairle Buirge Dhroichead Átha atá freagrach as cothabháil líonra na séarach poiblí.

Gníomhaíochtaí 2011

- Leanadh den Tionscadal Caomhnaithe Uisce i nDroichead Átha i gcomhar le Comhairle Contae Lú. I gceist san obair bhí obair ghníomhach chun sceitheadh a bhrath agus sceití a dheisiú ar fud an líonra.
- Deisíodh sceití ar fud an líonra dáileacháin de thoradh na droch-aimsire a bhí ann go luath sa bhliain 2011.
- Leanadh de bhoscaí teorann méadar uisce/méadair uisce a shuiteáil do chustaiméirí neamhtheaghlaigh.
- Cuireadh tús le clár céimnithe d'íslíú buacairí ar fud an líonra chun nach reofidh siad sa droch-aimsir.
- Cothabháil leanúnach agus oibriú an líonra dáileacháin uisce atá anois sa Bhuirg.
- Tús a chur le clár céimnithe de ghlanadh líonra na séarach sa Bhuirg mar a aithníodh faoi Scéim Mheasúnaithe Dhroichead Átha um Fheabhsuithe ar an Líonra Séarach.
- Tús le clár céimnithe chun clúdaigh dúnpholl a dheisiú agus a athsholáthar sa Bhuirg mar a aithníodh faoi Scéim Mheasúnaithe Dhroichead Átha um Fheabhsuithe ar an Líonra Séarach.
- Cothabháil leanúnach agus oibriú an líonra draenála séarach sa Bhuirg.

Forbairt Gheilleagrach:

'Go n-admhaítear Lú mar láthair roghnach le haghaidh forbairt gheilleagrach, chultúrtha agus deiseanna oideachais a fhaigheann tacaíocht ó bhonneagar nua-aimseartha agus sofaisticiúil a thugann teacht éasca do chách.'

Fóram Geilleagrach Lú

Bunaíodh Fóram Geilleagrach Lú i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla Lú sa bhliain 2009 faoi cheannas Padraic White, iar-phríomhfheidhmeannach IDA Ireland, an ghníomhaireacht Stáit a bhfuil sé de chúram air infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh go hÉirinn.

Tugann an Fóram le chéile gach ceann de na gníomhaireachtaí Stáit a idirghníomhaíonn leo siúd a ghineann gníomhaíocht gheilleagrach sa chontae agus is láthair ilfhreastail é le haghaidh infheisteoirí féideartha.

Is iad aidhmeanna Fóram Geilleagrach Lú:

- Contae Lú a chur ar aghaidh mar scoth-áit in Éirinn chun dul i mbun gnó ann:
- Oibriú le gnóthais nua atá ag smaoineamh ar iad féin a bhunú sa contae agus a chinntiú go bpléitear gach saincheist údaráis áitiúil a mbíonn tionchar acu ar ghnóthais nua ar shlí chomhtháite tráthúil.
- Dul i mbun oibre le gnóthais dúchasacha atá bunaithe cheana féin sa chontae agus cuidiú leo le haon saincheist rialtais áitiúil.
- Contae Lú a chur ar aghaidh agus a mhargú mar cheann scríbe turasóireachta agus oidhreachta den chéad rogha;

- An timpeallacht agus na coinníollacha a chruthú faoina bhféadfaí forbairt gheilleagrach a dhéanamh agus poist a chruthú agus
- Cuidiú chun timpeallacht oibriúcháin a chruthú a bheidh bunaithe ar sholúbthacht, ar luas, ar chumas agus ar shaineolas.

Shroich Fóram Geilleagrach Lú a phointe leath bhealaigh sa bhliain 2011 an tráth ar foilsíodh cúig cinn de dheich bplean gníomhaíochta a gheall sé a chur ar fáil.

Go dtí seo foilsíodh pleananna gníomhaíochta i dtaca leis na réimsí seo a leanas agus tá siad á bhfeidhmiú i láthair na huaire: Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, Tionscal Dúchasach, Fuinneamh Inbhuanaithe, Turasóireacht agus Oidhreacht agus Gnó ata Fabhrach do Dhaoine Scothaosta.

Lena chois sin, foilseofar pleananna gníomhaíochta sa bhliain 2013 i dtaca le Oideachas & Oiliúint; Talmhaíocht, Bia & Iascach; Seirbhísí Leathanbhanda; Lú a bheidh in Chontae den Scoth chun Dul i mbun Gnó Ann, agus Droichead Átha, Dún Dealgan, An Iúir: Conair Gheilleagrach

Nuashonrú ar Phleananna Gníomhaíochta sa bhliain 2011

Ar na tionscadail Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a fógraíodh sa bhliain 2011 bhí Satir, tionscadal 45 post i nDún Dealgan agus leathnú beartaithe air; Warner Chilcott, tionscadal 200 post i nDún Dealgan; Coca-Cola, tionscadal 100 poist i nDroichead Átha agus Prometric, tionscadal 100 post i nDún Dealgan.

Ar na tionscail dhúchasacha ar tacaíodh leo bhí an tAonad Tacaíochta Gnó i gComhairle Contae Lú le haghaidh an 80% de ghnóthais nach cliant de chuid Fiontraíocht Éireann iad nó Bord Fiontair Contae; tionscnaimh fiontraíochta d'fhiontraithe agus tús á chur le hobair ar Ionad Fiontraíochta Dhún Dealgan chomh maith le tacaíocht do Probiotec agus don tionscadal 40 post i nDún Dealgan.

Fuinneamh inbhuanaithe lena n-áirítear Droichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia ag glacadh leis an dúshlán chun criosanna inbhuanaithe spárála fuinnimh a thabhairt isteach. Thairbhígh 45 cuideachta cheana féin de thionscnaimh spárála fuinnimh agus spáráladh €250k iarbhír sa bhliain 2011 agus d'fhéadfaí €750k a spáráil sna gnóthais seo – rud a chabhródh chun costais ghnó a laghdú, poist a chosaint agus a rachadh chun tairbhe don timpeallacht.

Ghnóthaigh Fóram Geilleagrach Lú duais iontach le haghaidh gníomhaíocht gheilleagrach, a bronnadh ar Údaráis Áitiúla Lú ag Duaiseanna Chumann Tráchtála Éireann um Fheabhas i Rialtas Áitiúil, a eagraíodh i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil i mí na Samhna.

An tAonad Tacaíochta Gnó

Cruthaíodh suíomh gréasáin ar leith chun comhéadan a thabhairt don phobal leis an Aonad Tacaíochta Gnó, rud a chabhródh chun coincheap an 'Láthair Ilfhreastail' a chur ar aghaidh ar fud an chontae. Gníomhaíonn an tAonad mar theagmhálaí do ghnóthais chun teacht a thabhairt dóibh ar raon na ngníomhaireachtaí stáit a thairgeann tacaíochtaí gnó, chun gnóthais a choimeád ar an eolas mar gheall ar fhoinsí infhaighte maoinithe chun gnó a thosú agus chun gnó

a choimeád ag imeacht agus féachann sé le forbairt fiontar tuaithe a mhisniú, i gcomhar le Teagasc, mar shlí chun pobail tuaithe a thacú agus a choimeád ag imeacht.

Seoladh plean gnó atá fabhrach don dhaoine scothaosta an 5 Meán Fómhair 2011. Seoladh Men's Sheds i nDún Dealgan an mhí chéanna agus foireann uirlisí píolóta do Ghnó atá Fabhrach do Dhaoine Scothaosta ar siúl i mBaile Átha Fhirdhia.

Thug Údaráis Áitiúla Lú scéim cúnaimh isteach d'fhéilte agus d'ócáidí chun tacú le feilte agus ócáidí agus iad a spreagadh ar fud an chontae. Cuireadh €20,000 de thacaíocht ar fáil sa bhliain 2011. Ar na hócáidí ar tacaíodh leo bhí Féile Beat on the Boyne Dhroichead Átha; Féile Oisrí Chairlinn; Féile Samba Dhroichead Átha; Blas Chairlinn; Seó Talmhaíochta Chontae Lú agus Rás Rafta na gCreaagacha Dubha.

I gcomhar le tionscal na turasóireachta, cuireadh Lú ar aghaidh mar láthair siúlóide sa bhliain 2011 tríd an gCúigiú Féile Siúil Bhliantúil den Táin agus Féile Siúil Ghleann na Bóinne 2011.

Ceann de príomhthionscadail an Fhórait Turasóireachta & Oidhreachta is ea Máirseáil na Tána (Táin Bó Cuailgne) agus i Meitheamh 2011 lean slua saighdiúirí ar muin capaill agus saighdiúirí coise coiscéimeanna Arm na Banríona Méabha agus tar éis aithris a dhéanamh ar an gcomhrac láimhe idir Cúchulainn agus Ferdia mór ag Abhainn na Daoi mháirseáil siad ó Bhaile Átha Fhirdhia go Cairlinn i Leithinis Chuailgne, trí Bhaile an Tallúnaigh, Sráidbhaile Lú, Droichead an Chnoic agus Dún Dealgan.

Cuireadh Lú ar aghaidh sa bhliain 2011 ag Taispeántais Domhanda Laethanta Saoire i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste agus ag an gCraobhchomórtas Náisiúnta Treabhadóireachta in Átha Í, i gcomhar le lucht turasóireachta sa chontae. Eagraíodh Taispeántas Lú le linn Thaispeántas Talmhaíochta Lú ag Staid Dhún Dealgan agus spreagadh mórtas in acmhainn turasóireachta Lú agus feacht uirthi.

Turasóireacht

Ar áireamh i ngníomhaíocht turasóireachta agus oidhreachta tá brandáil an chontae agus forbairt ar shuíomhanna idirlín. Thángthas ar chomhaontú le Contae Mí chun Gleann na Bóinne a mhargú agus a chur ar aghaidh ar bhonn comhsheirbhísí agus tá comhaontú den sórt céanna á réiteach le Comhairle an Lúir & Mhúrna i dtaca le Cuaille, Múrna agus ceantar Shliabh gCuileann.

PLEANÁIL & FORBAIRT I NDROICHEAD ÁTHA

Sa bhliain 2011 bhí an rannóg pleanála freagrach i gcónaí as iarratais ar chead phleanála a bhreithniú, as forbairt leanúnach a rialú, as reachtaíocht phleanála a fhorfheidhmiú agus as comhairle a thabhairt ar ghnóthaí pleanála agus forfheidhmiúcháin i dtaca leis an reachtaíocht um Rialú Foirgníochta.

Lean Fóram Geilleagrach Dhroichead Átha de phríomh-gheallsealbhóirí a thabhairt le chéile chun an straitéis chomhtháite um fhorbairt gheilleagrach a chur i bhfeidhm agus chun forbairt gheilleagrach a bhaint amach i mórcheantar Dhroichead Átha mar láthair uirbeach faoi bhláth le pobail bheoga ar gach aon taobh d'Abhainn na Bóinne.

Glacadh Plean Forbartha Chomhairle Buirge Dhroichead Átha 2011-2017.

Phróiseáil Comhairle Buirge Dhroichead Átha 59 iarratas pleanála sa bhliain 2011, arbh laghdú mór é sin ar fhigiúr na bliana 2010 ar aon dul leis an gcúlú leathan ar ghníomhaíocht gheilleagrach agus go háirithe ar ghníomhaíocht tógála.

De na ceithre chinneadh achomhairc a d'eisigh an Bord Pleanála i dtaobh Dhroichead Átha sa bhliain 2011 sheas trí cinn díobh le cinneadh an údaráis phleanála agus sa cheann eile rinneadh mionathrú ar chinneadh an údaráis phleanála.

Grianghraf

Ceapach Bláthanna Nua ag an nGeata Ime

Geata Réigiúnach:

'Dún Dealgan agus Droichead Átha a chur i gceartlár Gheata Réigiúnach Chonair an Oirthir.'

Meabhrán Tuisceana idir Údaráis Áitiúla Lú agus Comhairle Dúiche an Iúir agus Mhúrna

Leagtar sa Mheabhrán Tuisceana seo mionsonraí an Chomhaontais Straitéisigh idir Chomhairle Dúiche an Iúir agus Mhúrna agus Údaráis Áitiúla Lú a fhéachfaidh le forbairt gheilleagrach agus iomaíochas an réigiúin a thacú agus a chur ar aghaidh.

Seo a leanas príomhchuspóirí an Chomhaontais Straitéisigh:

- Chun naisc shóisialta, chultúrtha agus gheilleagracha a chur ar aghaidh idir mhuintir an réigiúin agus ina measc;
- Chun creat cumasúcháin a sholáthar lena bhféadfaí an réigiún a chur ar aghaidh ar shlí níos éifeachtaí chun infheistíocht isteach a mhealladh agus deiseanna breise a sholáthar chun seirbhísí a roinnt agus bainistíocht chomhordaithe a dhéanamh ar acmhainní tábhachtacha;
- Comhdhlúthú a dhéanamh ar an gcaidreamh oibre atá i réim idir na húdaráis, chun bunús straitéiseach a sholáthar don fhadtearma agus fócas amach as an réigiún a chothú iontu;
- Chun croífheidhmeanna na n-údarás a chomhordú i limistéir comhair roghnaithe;
- Chun feabhas a chur ar staid cheannaireachta na n-údarás laistigh de réigiún na teorann agus cur lena ról mar chomhordaitheoirí agus lucht tionchair chun tairbhe an phobail uile;
- Chun naisc a fhorbairt le húdaráis áitiúla eile agus le geallsealbhóirí réigiúnacha.

Téamaí Comhair

- Éigeandáil
- Fuinneamh in-athnuaite agus teicneolaíocht ghlas
- Turasóireacht agus caitheamh aimsire
- Fás inbhuanaithe ar an ngeilleagar agus cruthú post

Dul chun cinn sa bhliain 2011

Síníodh an MOU - an chéad cheann dá shórt san Eoraip ag smaoineamh ar an diminsean trasteorann - sa Bhruiséal i mí Feabhra. In Aibreán ag ócáid i nDún Dealgan ag a raibh Pat Cox, iar-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa i láthair, shínigh pobal ginearálta na ngeallsealbhóirí - lenar áiríodh ionadaithe na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas; Intertrade Ireland; Foras Chláir Speisialta an AE; Réigiún na Teorann Thoir; Cumainn Thráchtála áitiúla; soláthraithe seirbhíse agus an earnáil pobail agus deonach Cairt Tiomantais.

Bunaíodh Oifig Eorpach agus Geilleagrach faoi stiúir Michael Curran, Stiúrthóir Seirbhísí - Forbairt Gheilleagrach agus Forbairt Thrasteorann, Údaráis Áitiúla Lú. Is í feidhm na hOifige sin dul i mbun oibre leis an lúir & Múrna ar chur i bhfeidhm éifeachtach an Mheabhráin Tuisceana.

Eagraíodh chéad chruinniú Chomhchoiste Comhairle Lú/an lúir & Múrna san lúir i mí Iúil agus ag an seisiún seo aontaíodh an struchtúr oibriúcháin agus na buanorduithe.

Ó shin i leith, bhí cruinnithe rialta ag an gComhchoiste Comhairle, faoi chomhcheannas an Chomhairleora Declan Bhreathnach agus an Chomhairleora Jimmy McCreeesh, leis an Aire Iompair, Leo Varadkar, T.D., leis an Aire Stáit do Ghnóthais Bheaga, John Perry, T.D., agus leis an Aire Forbartha Réigiúnaí, Danny Kennedy MLA maidir le Droichead Caoluisce agus Muiríne an Phointe a mhaoiniú agus poist a chruthú.

Leathnaíodh líon na réimsí tosaigh ar díriodh orthu agus orthu anois tá infheistíocht isteach, fás dúchasach, turasóireacht agus caitheamh aimsire, talmhaíocht, líonra gnó ísealcharbóin, pleanáil agus éigeandáil agus a bheith tacúil le daoine breacaosta.

Táimid i mbun oibre le Réigiún na Teorann Thoir chun tús a chur le tionscadail sa turasóireacht, agus sna hearnálacha fuinnimh agus comhshaoil. Bunaíodh Cathair Ísealcharbóin an lúir agus forbraíodh plean gníomhaíochta bunaithe ar Thionscadal Iomlánaíoch an AE i Lú. Táimid rannpháirteach, leis, i Dúshlán an Athraithe; i bPainéal na nDaoine, i dTionscadal Tellus agus i dTionscadal na nOileán.

Rinneadh mórchuid oibre i dtaca leis an Líonra Gnó Ísealcharbóin agus eisíodh Litir Tairisceana. Tá cistiú €860,000 faighte i gcistiú Interreg agus táimid i láthair na huaire ag earcú Bainisteoir Líona, Bainisteoir Teicniúil agus Feidhmeannach Margaíochta.

Grianghraif x 6 :

- [The "Cast" .jpg](#)
- [Bellurgan United F.C. Football Project .jpg](#)
- [Award 16 .jpg](#)
- [DSC_1665 .jpg](#)
- [DSC_6033 .jpg](#)
- [Pat 02 .jpg](#)

Peace III

Tugadh gníomhaíocht Chéim 1 de Chlár PEACE III chun críche i gcaitheamh 2011. Le linn chúrsa an chláir, bronnadh €2.5m ar thionscadail le haghaidh raon tionscnamh síochána.

Ar éachtaí Chéim I:

- Breis is 40 tionscadal a forbraíodh le raon meicníochtaí seachadta le 28 deontas beag; bronnadh naoi dtairiscint agus cúig thogra seachadta comhpháirtíochta.
- Tháinig líon mór comhpháirtíochtaí trasteorann chun cinn i gcaitheamh an chláir agus bhí eilimint trasteorann ag baint le tuairim is 18 tionscadal as an 25.
- Eagraíodh mórchomhdháil trasteorann dar teideal "Todhchaí Chomhroinnte a Thógáil: na dúshláin gheilleagracha, shóisialta agus chultúrtha" i mí Dheireadh Fómhair i nGailearaí Highlanes i nDroichead Átha.

Ainmníodh trí cinn de thionscadail a seachadadh faoi Chéim 1 le haghaidh Duaiseanna Meán agus Idirchultúrtha agus bhuaigh tionscadail Bhoird Fiontair Contae Lú ar "Seicteachas agus Ciníochas Institiúide" agus "Síocháin agus Daonlathas" de chuid Co-exist duaiseanna.

Leithdháileadh €2m de chiste ar Lú faoi Chéim II (go dtí Nollaig 2013) den chlár PEACE III. Cuireadh tús leis an gcéim go déanach sa bhliain 2011 le Seisiúin Eolais ag Lochán Bhaile Lias do gach páirtí leasmhar roimh tairiscintí a lorg maidir le gníomhaíochtaí laistigh de Chéim II.

Áirítear ar an gcéim sin den chlár gníomhaíochtaí a bhaineann le "Daoine a easáitíodh de thoradh Coinbhleachta", "Íospartaigh agus Daoine a Thagann Slán" agus "An Óige".

Faigheann Clár PEACE III páirtmhaoiniú ó Chistí Struchtúracha an Aontais Eorpaigh.

Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht:

'Beidh na healaíona, an cultúr agus an fhóillíocht mar bhonn taca le cáilíocht na beatha i gcás daoine aonair agus pobail sa chontae.'

An tSeirbhís Ealaíon 2011

Rinne Seirbhís Ealaíon Údaráis Áitiúla Lú raon leathan imeachtaí, féilte agus tionscadal ealaíon a thionscnamh agus a thacú i gcaitheamh na bliana agus chuir cabhair ar fáil do ghníomhaíochtaí éagsúla áitiúla sa chontae trí dheiseanna cistithe CreateLouth.

Toisc an laghdú atá tagtha ar acmhainní foirne agus ar airgeadas, d'oibrigh an tSeirbhís go dlúth le comhpháirtithe éagsúla ar fhorbairt na n-ealaíon. Gheofar mionsonraí cuid de na comhpháirtíochtaí sin thíos:

Music Generation Louth – Bhí Lú ar thrí chontae in Éirinn a fuair cistiú chun tionscnamh Music Generation a ghiniúint. Cabhróidh sé sin linn ranganna ceoil uirlise a bheith ar ardchaighdeán agus inacmhainne a sholáthar do dhaoine óga ag ceithre láthair i Lú. D'oibrigh an tSeirbhís Ealaíon i gcomhpháirtíochta le Coiste Gairmoideachais Lu agus le geallsealbhóirí eile chun an t-iaratas a dhéanamh, agus cuirfear na ranganna agus gníomhaíochtaí eile oideachais ceoil ar fáil sa bhliain 2012.

Pipeworks – Eagraítear féile deich lá, darb ainm Pipeworks, gach trí bliana. Díríonn sé ar Chomórtas Idirnáisiúnta Orgán Bhaile Átha Cliath a mheallann ceoltóirí iontacha ó gach cearn den domhan agus atá tar éis clú a bhaint amach d'Éirinn i measc féilte orgán an domhain. Sa bhliain 2011 tháinig Pipeworks go Dún Dealgan. I gcomhar leis an tSeirbhís Ealaíon, cuireadh clár lán ceardlann, taibhithe agus comórtas ar fáil le ceann de na hacmhainní cultúrtha is tábhachtaí dá bhfuil ag Dún Dealgan, orgán an Athar Willis ag Séipéal Phádraig.

Cumann Grianghrafadóireachta Dhún Dealgan – Tá traidisiún láidir grianghrafadóireachta amaitéirí ag Lú agus bronnadh an moladh ba mhó ar Chumann Grianghrafadóireachta Dhún Dealgan nuair a fógraíodh go raibh Seaimpíneacht Dhomhanda Chlub FIAP 2010/2011 buaite acu. Mar chomhartha aitheantais, eagraíodh Fáiltiú Saoránach in onóir bhail an chlub. Tá an tSeirbhís Ealaíon ag tacú leis an gCumann leis na blianta agus gitear tuilleadh ratha ar an ngrúpa nuálach grianghrafadóirí seo a bhfuil buanna suntasacha léirithe acu.

Oíche Cultúir – Ar oíche an 23 Meán Fómhair thaispeáin Droichead Átha an saibhreas cruthaitheachta atá aige, ó thaobh foirgneamh agus ó thaobh phobal beoga na n-ealaíon. An oíche sin cuireadh taispeántais, turais siúlóide agus taibhithe ar fáil ag Gailearaí Highlanes, ag Ionad Chath na Bóinne, ag Ionad Ealaíon Dhroichead Átha agus ag Músaem Dhún Dealgan ag Cnocán an Mhuilinn.

Chuir ceardlanna agus taibhithe ó Calipo Theatre and Picture Company, ó Choláiste Mhuire, Na Glaschnoic, ó Nexus Arts and Upstate Theatre Company, agus ó cheoltóirí, ceardaithe agus ó ealaíontóirí áitiúla le cáil Dhroichead Átha mar bhaile ina léirítear meas ar na healaíona agus ar an gcruithaitheacht. Thacaigh Seirbhís Ealaíon Údaráis Áitiúla Lú le hOíche Chultúir Dhroichead Átha.

Song of Amergin – Bá í 2011 an Bhliain Náisiúnta Ceardaíochta agus d'óstáil Gailearaí Highlanes taispeántas d'obair cheardaíochta a rinne ceardaithe agus dearthóirí áitiúla. Ba é an figiúr miotaseolaíoch Amergin a spreag an taispeántas oscailte seo agus ba é Lónra Dearthóirí Mharc Cheirde Lú a d'eagraigh é le tacaíocht ón tSeirbhís Ealaíon. Léirigh Song of Amergin leithne agus ardleibhéal na ceardaíochta sa chontae.

Photos x 4:

- Michael O'Neill – Young Harper .jpg
- Pipeworks Workshop – '11 .jpg
- Reception Dundalk Photo Soc – '11 .jpg
- St. Patrick's Dundalk .jpg

Seirbhís Leabharlainne Chontae Lú

Cúig leabharlann bhrainte i nDún Dealgan, i nDroichead Átha, i mBaile Átha Fhirdhia, i gCairlinn agus i nDún Léire atá ag Seirbhís Leabharlainne Chontae Lú. Mhéadaigh an tSeirbhís Leabharlainne Taistil líon na stad go 55 sa bhliain 2011, lena n-áirítear ionaid chúraim lae agus creiseanna. Leanann Seirbhís Leabharlainne Scoileanna Lú de bheith ag freastal ar 75 bhunscoil sa chontae agus ag tacú leo.

Úsáid Leabharlanna Chontae Lú	2011	2010	2009
• Nithe a tógadh ar iasacht	462,056	432,558	336,757
• Cuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha	251,300	216,846	219,531
• Baill chláraithe	12,192	12,176	11,965
• Seisiúin idirlín a cuireadh ar fáil	17,912	21,818	19,317

Stoc Leabharlainne

Ar áireamh sa stoc leabharlainne tá leabhair, CDanna ceoil, pacáí acmhainne teanga agus DVDanna atá ar fáil le tógáil ar iasacht. Ceannaíodh leabhair bhreise 'Quick Read' sa bhliain 2011 chun léitheoireacht agus litearthacht a chur ar aghaidh i measc aosach.

Staidéir Áitiúla/Cartlanna

Fuair an tSeirbhís Chartlainne roinnt bailiúchán tábhachtach i gcaitheamh na bliana 2011. Bailiúchán tábhachtach amháin ab ea páipéir Joseph Dolan ó Bhaile Átha Fhirdhia, a bhí ar dhuine de na daoine a bhunaigh Cumann Seandálaíochta agus Stair Lú.

Cuireadh raon iomlán gníomhaíochtaí, laethanta oscailte agus taispeántas ar fáil sa bhliain 2011. Coimeádadh dlúthnasc le cumainn stairiúla áitiúla agus le grúpaí a fhéachann le hoidhreacht shaibhir Lú a chur ar aghaidh agus a chaomhnú. Soláthraíonn an tseirbhís ghineolaíochta ar líne eolas agus seirbhísí do dhaoine atá ag déanamh taighde ar a sinsir, agus gineann sé sruth ioncaim don tSeirbhís Leabharlainne.

Bailiúchán Nuachtán

Tá cóipeanna ceangailte den Dundalk Democrat, den The Argus and den Drogheda Independent ar fáil lena gceadú i leabharlanna Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. Tá an Dundalk

Democrat ar fáil ar mhicreascannán ó 1894-2009 agus de The Argus ó 1986-1999 i rannóg tagartha Leabharlann Dhún Dealgan. Gheofar cóipeanna micreascannán de The Drogheda Independent ó 1894-1949 agus ó 1986-2004 agus de The Argus ar mhicreascannán ó 1838-1896 i Leabharlann Dhroichead Átha. Tá irisleabhair stairiúla agus ábhar eile a bhaineann leis na bailte ar fáil chomh maith lena gceadú.

Forbairt na mBrainsí

Faoi na rialachán pleanála agus forbartha 2001 (Cuid 8), arna leasú, tugadh fógra do Chomhairle Contae Lú maidir le hoibreacha beartaithe ar Leabharlann Chairlinn (an teach cúirte, mar a bhí). Nuair a bheidh sé críochnaithe cinnteoidh an fhorbairt seo go mbeidh seirbhís i bhfad níos fearr le fáil ag an bpobal áitiúil. Tá beartaithe tairiscintí a lorg sa bhliain 2012 don tionscadal seo.

Ríomhairiú

Bhí teacht phoiblí ar an idirlíon á soláthar i ngach ceann de na leabharlanna brainse sa bhliain 2011. Taifeadadh 17,912 seisiún idirlín i mbliana. Tugadh teacht ar Wi-Fi isteach i leabharlanna Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia agus taifeadadh 537 logáil isteach.

Tá súil againn an tseirbhís seo a leathnú sa bhliain 2012 agus dul i gcomhar le DkIT chun ballraíocht dhéach agus teacht saor in aisce ar Wi-Fi a thairiscint do mhic léinn an choláiste i leabharlanna brainse.

Féadfaidh baill den phobal a míreanna leabharlainne le cárta reatha ballraíochta agus PIN.

Lean an tIonad Foghlama den obair a bhí ar siúl aige le grúpaí pobail ar nós an Deaf Hear Association, An Líonra Foghlama Náisiúnta agus tionscadal ríomhfhoghlaima le FÁS chun daoine a mhisniú chun scileanna nua ríomhaireachta agus fóin phóca a fhoghlaim ina leabharlann áitiúil.

Europe Direct

Ceann de bhuaicphointí Europe Direct Centre sa bhliain 2011 ab ea 'Lá Aonaigh Saorálaithe' a tionóladh i leabharlann Dhún Dealgan. Thug gnóthais áitiúla agus grúpaí pobail cuntas ar a gcuid oibre agus d'earcaigh siad saorálaithe chun cur lena ngnó agus lena seirbhísí.

Gníomhaíochtaí For-rochtana

Eagraíodh clár iomlán éagsúil d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí i Leabharlanna Chontae Lú sa bhliain 2011. Ar na himeachtaí sin bhí taispeántais, léachtaí, scéalaíocht, stair áitiúil, ceardlanna gineolaíochta, imeachtaí ealaíon agus seisiúin cheardaíochta. Lean na leabharlann de bheith bainteach le himeachtaí náisiúnta ar nós Seachtain Litearthachta na nAosach, Féile Leabhar na Leanaí, Seachtain na Gaeilge, Bealtaine agus Seachtain na hEolaíochta, i gcaitheamh na bliana.

Eagraíodh sraith rathúil ceardlann ceoil i Leabharlann Bhaile Átha Fhirdhia i gcomhar leis an Oifig Ealaíon mar chuid d'Fhéile Bharócach Bhaile Átha Fhirdhia.

Imeachtaí Léitheoireachta

Ar bhuaicphointí 2011 bhí comhoibriú le Seachtain Bhord Gáis Energy um Athaimsigh an Leabharlann, leis an údar clúiteach Sinéad Moriarty ag léamh a leabhair féin agus ag tabhairt leideanna úsáideacha do scríbhneoirí toilmhianacha.

Cuireadh 'Scéim Scríbhneoirí i Leabharlanna' arna hurrú ag Poetry Ireland agus ag Leabharlann Chontae Lú ar fáil do dhéagóirí. Tháinig scríbhneoirí óga le chéile leis an údar Sandy Sneddon agus bhain siad úsáid as chreat an tsuímh mheáin shóisialta Facebook mar uirlis chruthaitheachta sa chúrsa scríbhneoireachta 10 seachtaine sin.

I gcomhar le daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí agus soláthraithe seirbhíse áitiúla eile chuir Leabharlanna Chontae Lú tús le tionscnamh léitheoireachta dar teideal 'Drogheda reads Roddy Doyle' i mí na Nollag 2011 agus lean sé isteach sa bhliain 2012. Léigh muintir Dhroichead Átha leabhar amháin ar a laghad leis an scríbhneoir Roddy Doyle agus bhí an leabharlann gníomhach ag spreagadh leanaí, déagóirí agus daoine fásta chun bheith páirteach sa tionscadal.

Re Photos: x 3:

Grianghraif ó Leabharlann an Chontae:

Caption for No 7. jpg : Sinead Moriarty in éineacht le foireann Leabharlann Dhún Dealgan ag léamh chun Seachtain Bord Gáis Energy um Athaimsigh an Leabharlann a cheiliúradh.

Caption for FairytaleStorytelling 015.jpg: Snow White (Rosemary Lynch, ball foirne) ag léamh agus ag cur an lucht éisteachta faoi dhraíocht i Leabharlann Dhún Dealgan.

Caption for Roddy Doyle photo: Ócáid 'Léann Droichead Átha Leabhair Roddy Doyle' i Leabharlann Dhroichead Átha.

Faighite 04/04/2012

Seirbhís Chartlainne Chontae Lú

For-rochtain

Chun Seachtain na hOidhreachta agus Feasacht ar Chartlanna a chomóradh, bhí taispeántas ag Seirbhís Chartlainne Chontae Lú dar teideal 'Seoda i gCartlann Chontae Lú'.

Tógadh na cartlanna sa taispeántas ó roinnt bailiúchán cartlainne atá ag an tSeirbhís agus bhain siad le stair pholaitiúil, shóisialta agus chultúrtha Chontae Lú.

Chuir na daoine a bhí i láthair an-spéis sna míreanna a bhí ar na míreanna is sine agus is annamh a chuirtear ar taispeánt, lena n-áirítear léarscáil bhunaidh Garstin de Dhún Dealgan, ó 1655; Leabhar an Bhardais de bhaile Chairlinn a thosaigh sa bhliain 1694; agus rogha de chairteacha ríoga bunaidh, an ceann ba luaithe a dheonaigh Liam III do bhaile Dhroichead Átha sa bhliain 1697.

Caomhnú

B'ábhar buíochas do Chartlanna an Chontae bronntanas a fháil ó Chumann Dhún Dealgan chun cóiriú caomhantais a dhéanamh ar chartlanna maidir le Dún Dealgan.

I measc na gcartlann sin bhí dhá leabhar miontuairiscí de chuid Bhardas Cathrach Dhún Dealgan agus Coimisinéirí Bhaile Dhún Dealgan ó 1832-54. Shocraigh Cartlanna an Chontae cóiriú caomhantais le haghaidh trí cinn de leabhair mhiontuairiscí ón naoú haois déag maidir le Bord Caomhnóirí Dhún Dealgan, leabhar miontuairiscí de chuid Dundalk Gas Company agus léarscáil den Tóchar agus d'eastát an Tiarna Stanley ó 1777. Tá stair shaibhir ag Lú ó thaobh cartlanna de agus tá sé tábhachtach na cartlanna sin a chaomhnú do na glúinte a thiofadh inár ndiaidh. Chuige sin, ní mór dúinn na cartlanna sodamáistithe sin a chosaint trí chóiriú gairmiúil caomhantais a shocrú a mhéad is féidir ó thaobh airgid de.

Éadálacha

Bhí áthas ar an tSeirbhís Chartlainne roinnt bailiúchán cartlainne fiúntacha a fháil i gcaitheamh na bliana.

Is mór ag an tSeirbhís gach duine a thug bailiúchán dóibh toisc go gcabhróidh sé le lucht taighde amach anseo. Déanfar bailiúcháin nua a chatalógú in am is i dtráth.

Catalóg na gCartlann

Tugadh an chatalóg ar líne cothrom le dáta go luath sa bhliain le roinnt leasuithe agus cuireadh liosta suas chun dáta de na bailiúcháin atá ar fáil ar an leathanach baile. Tá caighdeánú á dhéanamh ar ranna de chatalóg na cartlainne de réir mar a dhéantar athbhreithniú agus catalógadh uirthi chuig caighdeán idirnáisiúnta. Cuireadh roinnt bailiúchán le tairseach Acmhainn Chartlainne na hÉireann, a gheofar ag www.iar.ie.

Bainistíocht na dTaifead

Soláthraíonn Cartlann an Chontae seirbhís bainistíochta taifead d'Údaráis Áitiúla Lú agus aistríodh taifid nua ó ranna éagsúla go dtí an Chartlann agus rinneadh iad a shórtáil san Ionad Taifead sa bhliain 2011. Thug foireann na gcartlainne faoi athbhreithniú ar chomhaid i roinn Rúnaí an Chontae chun go mbeidís ina chabhair i bpróisis bhreithmheasa amach anseo.

Photos x 2:

Grianghraif ó Chartlann an Chontae:

Caption 1 for 'AC.LEG.6-AnneCharter.jpg': Sonraí den Chairt Ríoga a bhronn an Banríon Áine ar Bhardas Bhaile Átha Fhirdhia, 1712

Caption 2 for 'DkIT Theatre Coll-01Mar2011(1).jpg': Bronnadh Bhailiúchán Cartlainne Amharclainne Áitiúil DkIT, Márta 2011. Ó chlé: Pat McKenna, Jayne Hutchinson (Cartlanna Chontae Lú), Concepta Woods (DKIT Library), agus Mark Fearon.

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt 2011: Tuarascáil

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú Sprioc Straitéiseach 1 Rannpháirtíocht a Mhéadú do Chách

Tionscadal rannpháirtíochta do spriocghrúpaí:



An Irish Sports Council Initiative

- Buntús le haghaidh Réamhscoileanna: Ghlac 19 seirbhís réamhscoile leis an gclár sa bhliain 2011 a thugann líon iomlán na seirbhísí réamhscoile atá bainteach leis an gclár go 82. Cuireadh oiliúint ar 598 ball foirne chun dul i mbun oibre le 3,187 leanbh.
- Buntús le haghaidh Bunscoileanna: Cuireadh oiliúint speisialta ar na múinteoirí ar fad in 11 scoil agus ar chúntóirí riachtanas speisialta. Cuireadh dhá mhála trealaimh agus cártaí acmhainne nasctha leis ar fáil sa bhliain 2011, a thugann líon iomlán na scoileanna atá páirteach go 59. Cuireadh oiliúint ar 768 múinteoir le linn an chláir i Lú chun dul i mbun oibre le breis is 12,000 leanbh.
- Ar an clár bhreise do bhunscoileanna bhí Sacar Buntús, oiliúint do mhúinteoirí ar Little Athletics, tionscadal píolóta lúthchleasaíochta Sports Hall, clár cóitseála Play Rugby and clár gníomhaíochta iarscoile Be Active.
- Clár Girls in Action do chailíní neamhghníomhachta sna déaga - tá sé á chur ar fáil anois in 11 mheánscoil sa chontae.
- Eagraíodh imeachtaí le linn na Seachtaine Caitheamh Aimsire Náisiúnta le haghaidh clubanna agus grúpaí óige i Samhain 2011 agus bhain 50 duine óg triail as cruicéad, galf agus as chispheil cathaoir rotha.
- Eagraíodh fiche cúrsa oiliúna i bhfeasacht míchumais sa bhliain 2011 agus cuireadh oiliúint ar 500 rannpháirtí ó ghrúpaí Idirbhliana, clubanna spóirt agus coláistí tríú leibhéal.
- Eagraíodh raon gníomhaíochtaí do sheanóirí, lena n-áirítear seirbhís tacaíocht fóin FitLine do dhaoine scothaosta ar mian leo tuilleadh gníomhaíochtaí fisicí a dhéanamh agus ceardlann eolais agus comhairle do ghrúpaí tacaíochta atá ag déanamh iarratas ar chistiú 'Go for Life'. Lena chois sin, eagraíodh dhá chinn d'Fhéilte Gníomhaíochtaí do Sheanóirí i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha i Samhain 2011 agus ócáid le haghaidh Seachtain um Aosú Dearfach arna heagrú ag Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú, lena n-áirítear: seoladh trealamh aclaíochta do dhaoine scothaosta i nDroichead Átha le seisiún 'tar agus bain triail as', tús le seisiún ghníomhaíochta nua seachtainiúla de dhaoine scothaosta i nDún Dealgan agus siúlóidí ar bhealaigh Shlí na Sláinte sna Creagacha Dubha, i nDairbhre agus i nDroichead Átha i gcomhar le Lá Domhanda an Chroí.
- Ar na himeachtaí a eagraíodh le haghaidh Seachtain Náisiúnta na Rothar bhí laethanta spraoi do theaghlach, turais rúnda rothair i gceantair RAPID, seiceálacha sláinte rothar agus oiliúint shábháilteachta rothair i scoileanna. Bhí tuairim is 2,200 duine páirteach i Seachtain na Rothar 2011 sa chontae.
- Ar na hócáidí agus na cláir siúil bhí siúlóid Operation Transformation in Eanáir 2011 ar bhealach Shlí na Sláinte na gCreagacha Dubha agus clár gníomhaíochta siúil san ionad oibre a eagraíodh do 12 ball d'Údaráis Áitiúla Lú.

Forbairt Clubanna agus Saorálaithe

- Oiliúint a cuireadh ar fáil do chlubanna agus do shaorálaithe ar Chód Eitice (20 cúrsa le 314 rannpháirtí), Oiliúint d'Oifigeach Chlub Leanaí (eagraíodh an cúrsa seo den chéad uair i Lú sa bhliain 2011) agus Oiliúint i gCluichí Cuimsitheacha agus;
- Soláthraíodh oiliúint agus comhairle ar chistiú agus ar chur ar aghaidh clubanna áitiúla.

Teacht ar Áiseanna

- Tá eolaire d'Áiseanna Spóirt Contae ag Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú agus d'eagraigh siad chomh maith AURA Dhún Dealgan a bheith ina chuid den tionscnamh cuimsitheach náisiúnta um ionad fóillíochta i Nollaig 2011.

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú Sprioc Straitéiseach 2: Comhpháirtíochtaí Inbhuanaithe a Thógáil

- Cuireadh críoch rathúil i mBealtaine 2011 le tionscadal PEACE II Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú "Caidreamh Dearfach a chur ar aghaidh ar leibhéal áitiúil tríd an spórt" nuair a eagraíodh dhá cheann d'imeachtaí oscailte roinnt faisnéise. Bunaíodh deich gcinn de chomhpháirtíochtaí club spóirt trasteorann a chruthaigh comhpháirtíochtaí idir clubanna spóirt ar bhonn trasteorann, a chuir oiliúint ar shaorálaithe i gclubanna spóirt i dtaca le ciníochas agus seicteachas, deontais do chomhpháirtíochtaí club spóirt chun oiliúint a chur ar fáil trí imeachtaí agus deis chun foghlaim ón tionscadal trí dhá ócáid oscailte roinnte eolais dar teideal "Dúshlán a chur faoi Dhearcaí tríd an Spórt". San iomlán, bhí 670 rannpháirtí páirteach sa tionscadal.
- Tá dhá líonra gníomhach Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil ann i láthair na huaire – Líonra Múinteoirí Corpoideachais Lú agus Líonra Oifigeach Forbartha Spóirt Lú.

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú Sprioc Straitéiseach 3: Cumarsáid a Fhorbairt agus a Fheabhsú

- Cuirtear nuashonruithe rialta ar fáil do chlubanna agus scaiptear preasráitis ar na meáin áitiúla;
- Eisíodh nuachtlitir i leagan amach nua trí huaire sa bhliain 2011 agus cuireadh liosta ríomhphoist i dtoll a chéile ar mhaithe le cumarsáid níos rialta;
- Coimisiúnaíodh tuarascáil áitiúil Monatóir Spóirt Lú/na Mí ó shonraí náisiúnta chun bheith mar bhonn le hobair Chomhpháirtíochtaí Spóirt Lú ar an leibhéal áitiúil.

Contae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Tá Contae Lú ar an Céad Chontae in Éirinn a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus an chéad chontae a cláraíodh le Líonra na gCathracha a Thacaíonn le Daoine Breacaosta atá mar chuid den Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Tá Lú sa chéad áit i measc naoi gcontae eile i bPoblacht na hÉireann ó thaobh tionscnamh a sheoladh agus lean an Iúr & Múrna agus Béal Feirste é.

Comhdháil Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, Baile Átha Cliath & Dún Dealgan 2011

Thug an chomhdháil le chéile raon leathan bainisteoirí sinsearach a ó údaráis chathartha ar fud an domhain, lena n-áirítear áiteanna nach bhfuil bainteach fós le Líonra na gCathracha a Thacaíonn le Daoine Breacaosta atá mar chuid den Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

Thaispeáin sé tionscadail ó thrí cinn de Mhórchathracha a Thacaíonn le Daoine Breacaosta - dhá cheann ó Mheiriceá Thuaidh agus tionscnamh Chontae Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. Thug Conn Murray, an Bainisteoir Contae, cur i láthair do 400 toscaire le cois lena n-áirítear ionadaithe óna Stáit Aontaithe, ón tSín, ó Mheicsiceo, ón Afraic agus ón Eoraip sular óstáladh grúpa 50 toscaire i Lú. Chonacthas obair an Netwell Centre obair DKIT agus cur chuige comhpháirtíochta an Chomhaontais a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus agus Fóram Sheanáirí Lú ar an láthair.

'An Turas'

Roimh na cuairte ó thoscairí WHO, chuir Comhaontas Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus Fóram Sheanáirí DVD le chéile dar teideal 'An Turas' a ghabhann croí na hoibre a rinneadh i dTionscnamh an Chontae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta.

Feicfeadh an DVD ag www.louthagefriendlycounty.ie. Fuarthas iarratas ón gCoimisiún Eorpach chun úsáid a bhaint as an DVD ar Bhliain an AE um Aosú Gníomhach agus um Dhlúthpháirtíocht idir na Glúinte.

Dearbhú Bhaile Átha Cliath

Cuireadh 46 síniú le Dearbhú Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear an Cabhán, an Clár, Cathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall, Gaillimh, Cill Dara, Cathair Chill Chainnigh, Contae Chill Chainnigh, Lú, An Mhí, Muineachán, Baile Átha Cliath Theas, Tiobraid Árann Theas agus an Iarmhí agus thug 60 milliún duine ar fud an domhain aitheantas dó. Gealltanas is ea an dearbhú chun feabhas a chur ar chaighdeán beatha na saoránach is sine agus cabhrú leo bheith gníomhach ina sochaí de réir mar a théann siad in aois.

Bhí Éire agus Lú chun tosaigh sa tionscnamh seo. Féachann an dearbhú le feasacht a chur ar aghaidh i measc an phobail i gcoitinne ar dhaoine scothaosta, ar a gcearta, a riachtanais agus a bhféidearthachtaí, agus béim a chur ar an rannchuidiú dearfach sóisialta, geilleagrach agus cultúrtha a thugann siad.

Fóram Dhaoine Scothaosta Lú

Tugann an Fóram guth do dhaoine scothaosta i dTionscamh Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, mar a thug riamh. Tá suíochán ag an bhFóram ar an gComhaontas a Thacaíonn le Daoine Breacaosta; ar an nGrúpa Iompair a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, ar an nGrúpa Cumarsáide agus ar an bhFóram Gnó a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, agus tá ionadaíocht déanta aige ar son mar ambasadóirí ag seoltaí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta i Muineachán, sa Mhí, i gCill Chainnaigh, i bhFine Gall agus i mBaile Átha Cliath Theas.

Generations

Rinne an Fóram agus Comhairle na nÓg Lú DVD ar a thug siad 'Generations'. Gabhtar sa DVD tuairimí daoine óga agus daoine scothaosta i dtaca le cúrsaí polaitíochta, sláinte, oideachais, i dtaca le heiseamláirí agus i dtaca le...tae!

Suíomh idirlín Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta www.louthagefriendlycounty.ie

Sheol an Dr. Maureen Gaffney, Cathaoirleach Chomhaontas Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta suíomh idirlín Chontae Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta an 12 Márta 2011. Freagra is ea an suíomh ar dhaoine scothaosta a d'iarr eolas cothrom le dáta ar sheirbhísí, go háirithe seirbhísí do dhaoine scothaosta, a bheith ar aon suíomh idirlín amháin.

Féadfaidh daoine scothaosta agus a dteaghlach teacht a fháil anois ar eolas i dtaobh tacaíochta sa bhaile nó i gcúram cónaithe, tacaíochtaí eile, deontais d'fheabhsúcháin baile, iompar agus soghluaisteacht, seirbhísí tacaíochta pobail, sábháilteacht agus cosaint agus aosú dearfach.

An aidhm ná seirbhís 'Doras Mícheart ar Bith' a bheith ann mar ar féidir le daoine scothaosta, a dteaghlach agus grúpaí tacaíochta idir ghrúpaí deonacha agus ghrúpaí earnála poiblí eolas a chur ar fáil ar gach seirbhís agus ócáid shóisialta ag an líne thosaigh.

Plean Feidhmithe Straitéis Roinn Lú den Gharda Síochána do Dhaoine Scothaosta

Tháinig Grúpa Sábháilteachta agus Slándála Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta faoi cheannas an Cheannfoirt Pat McGee le chéile chun Plean Feidhmithe Straitéis Roinn Lú den Gharda Síochána do Dhaoine Scothaosta a cheapadh. Glacadh an plean ón Straitéis Náisiúnta do Dhaoine Scothaosta a seoladh i nDeireadh Fómhair 2010.

Tá Roinn Lú den Gharda tiomanta don straitéis a chur i bhfeidhm ar fud an chontae agus tógadh roinnt mhaith céimeanna anuraidh chun an sprioc sin a bhaint amach.

Leagtar amach i bplean an Gharda an tslí ina leanfaidh Roinn Lú den Gharda ar a bheith ag tógáil ar an méid a baineadh amach go dtí seo agus ina gcinnteofar an leibhéal seirbhíse is airde is féidir do sheanóirí an phobail. Gheofar eolas ar an doiciméad ach cliceáil ar www.louthagefriendlycounty.ie

Seimineár athbhreithnithe - Iúil 2011

Rinne tionscnamh Chontae Lú um Thacú le Daoine Breacaosta an chéad athbhreithniú débhlíantúil an 19 Iúil 2011. Cuid den chomhdháil sin ab ea an chéad chruinniú ginearálta débhlíantúil d'Fhóram Sheanóirí Lú. An Bainisteoir Contae, Conn Murray, a bhí i gceannas na comhdhála in éineacht le Gavin Duffy, Cathaoirleacht, an Fóram Gnó a Thacaíonn le Daoine Breacaosta.

Ba é Fergus O'Down, T.D., an tAire Stáit atá freagrach as an Tionscadal Ré Nua, aoi-chainteoir na maidine.

I measc na gcainteoirí eile a labhair leis an lucht éisteachta bhí Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú, an Comhairleoir Oliver Tully, Méara Dhroichead Átha, an Comhairleoir Kevin Callan agus Cathaoirleacht Chomhairle Baile Dhún Dealgan, an Comhairleoir Marianne Butler.

Baile Átha Fhirdhia - Baile a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Tá beart ag Fóram Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta chun 'Baile a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a dhéanamh de Bhaile Átha Fhirdhia'. Léirítear an tosaíocht seo i straitéis Chontae Lú chun Tacú le Daoine Breacaosta.

Ceapadh foireann uirlisí úsáide chun gabháil a dhéanamh ar an bpróiseas faoinar aithníodh na saincheisteanna is ábhar buartha do dhaoine scothaosta agus do gheallsealbhóirí sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí ag féachaint leis an gCéad Bhaile a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a dhéanamh de Bhaile Átha Fhirdhia. Gheofar na huirlisí úsáide ag www.louthagefriendlycounty.ie

An Chomhdháil um Pleanáil faoi choinne an Aosaithe - Meitheamh 2011

Thug an Bainisteoir Contae, Conn Murray, cur i láthair ag an gcomhdháil um Pleanáil faoi choinne an Aosaithe an 22 Meitheamh, 2011. Tugadh cuntas sa chur i láthair ar thaithí Lú mar an gcéad chontae in Éirinn a thacaíonn le daoine breacaosta agus ar bhuntáistí na pleanála ilghníomhaireachta trí chomhaontas atá curtha ar bhonn foirmiúil agus a chuimsíonn bainisteoirí sinsearacha ón údarás áitiúil, Gardaí, an pobal gnó, lucht taighde agus forbartha agus an Fóram Seanóirí nua-bhunaithe.

Príomhghné den chomhdháil ab ea deis a tugadh do rannpháirtithe diriú ar na dúshláin atá le sárú ag geallsealbhóirí ilghníomhaireachta. Ba é an Ageing Well Network a d'óstáil an chomhdháil.

Seideanna na bhFear

Sheol Mícheál Ó Muircheartaigh tionscnamh Sheideanna na bhFear i nDún Dealgan an 15 Meán Fómhair 2011. Beidh seid eile i nDroichead Átha agus trí ceann faoin tuath i Lú.

Coincheap a thosaigh san Astráil is ea Seideanna na bhFear agus féachann sé le timpeallacht shábháilte chuimsitheach a sholáthar d'fhir chun teacht le chéile agus dul i mbun oibre ar thionscadail ina gcuid ama féin agus i bhfochair fear eile.

Féadfaidh na fir saincheisteanna a bhaineann leo féin a phlé i dtimpeallacht shábháilte. Féadfaidh an seid slí éalaithe a thabhairt d'fhir, nó braistint cuspóra, nó an dá cheann. Ar na gníomhaíochtaí atá coitianta i seideanna tá: grianghrafadóireacht, oiliúint ríomhaire, adhmaadóireacht, ealaín agus caitheamh aimsire.

Seoladh Fóram Gnó Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Bhunaigh Fóram Eacnamaíoch Lú an Fóram Gnó a Thacaíonn le Daoine Breacaosta. Gavin Duffy, fiontraí agus oiliúnoir meán i Lú a chuaigh i gceannas ar an bhFóram Deichniúr ball atá ar an bhFóram, ó Chumann Tráchtála Lú, ón Rotary, ó Netwell agus ó Ionaid CASALA, ó Fóram Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus ó lucht bainistíochta an Údaráis Áitiúil.

Comhairle na nÓg Lú

Comhairlí áitiúla don óige is ea Comhairle na nÓg, a thugann do leanaí agus do dhaoine óga an deis bheith bainteach le forbairtí seirbhísí agus beartas áitiúil. Tá Comhairle na nÓg i ngach cathair agus i ngach contae.

Bunaíodh Comhairle na nÓg faoi Straitéis Náisiúnta na Leanaí (2000) i 34 Bord Forbartha Contae agus Cathrach ar fud na tíre. Cúram an údaráis áitiúil i ngach contae agus cathair is ea obair Chomhairle na nÓg.

Foras ionadaíoch do dhaoine óga ar fud an chontae is ea Comhairle na nÓg Lú. Tá ionadaithe ó gach scoil agus eagraíocht óige sa chontae ar Chomhairle na nÓg Lú. Tagann an grúpa seo de 35 duine óg le chéile gach mí chun nithe a bhfuil tionchar acu ar dhaoine óga a phlé agus tionscadail a cheapadh chun díriú ar na nithe sin.

Freastalaíonn toscairí ar Dháil na nÓg gach bliain. Is é Dáil na nÓg an pharlaimint náisiúnta bliantúil do dhaoine óga idir 12 agus 18 mbliana d'aois. Toghtar cúig thoscaire ó Chomhairle na hÓg Lú le freastal ar Dháil na nÓg.

Cuid mhór d'obair na Comhairle is ea tionscadail a cheapadh chun difear a dhéanamh do shaol daoine óga.

Sna blianta deireanacha bhí tionscadail rathúla ag Comhairle na nÓg Lú lenar áiríodh:

Cárta Lascaine Lú do Mhic Léinn

Rinneadh taighde ar chárta lascaine do mhic léinn agus do dhaoine óga ar fud an chontae agus rinneadh é a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.

An DVD 'Generations'

Tionscadal idirghlúinte lena n-áirítear scannán a dhéanamh chun aird a dhíriú ar dhearcthaí daoine óga agus seandaoine i leith na sochaí agus an tsaoil.

Cúrsaí Airgid Daoine Óga

Acmhainn phraiticiúil do dhaoine óga chun cabhrú leo a gcuid airgid a bhainistiú an tráth go bhfuil cistí ag éirí gann agus chun cabhrú leo airgead a chur i leataobh le haghaidh ceolchoirmeacha, dul go dtí oideachas tríú leibhéal agus le haghaidh ócáidí móra ina saol.

Clár Piaroideachais Frithbhulaíochta

Rinne Comhairle na nÓg Lú tionscadal cuimsitheach frithbhulaíochta sa bhliain 2011 inar oileadh 42 piar-oide chun clár frithbhulaíochta a chur ar fáil i scoileanna agus in ionaid óige.

Lena chois sin, d'oibrigh Comhairle na nÓg Lú ar Mheabhairshláinte Daoine Óga. Spreagtar daoine óga chun díriú ar mheabhairshláinte agus déantar iarracht slite a aibhsiú ina bhféadfadh daoine óga a meabhairshláinte a chosaint. Rithfear sraith imeachtaí agus tionscnamh sa bhliain 2012.

Tacaíonn Grúpa Comhairle Chomhairle na nÓg Lú, atá comhdhéanta de Chomhairle Contae Lú, Coiste Gairmoideachais Lú agus Coiste Seirbhísí Leanaí Lú, le hobair Chomhairle na nÓg Lú. Tacaíonn an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige le hobair Chomhairle na nÓg. Sholáthar Coexist Ltd. tacaíocht forbartha, oiliúna agus bainistíocht tionscnadail do Chomhairle na nÓg Lú thar ceann an údaráis áitiúil.

Daonlathas Áitiúil

"Ról daonlathach, saoránach agus ceannaireachta Údaráis Áitiúla Lú a thacú, a chur ar aghaidh agus a fheabhsú."

Fóram Pobail agus Deonach

Bhí cruinnithe rialta ag Fóram Pobail agus Deonach Chontae Lú sa bhliain 2011 faoi mar a bhí roimhe sin. Leanadh d'obair an fhórait a chur ar aghaidh agus de bhaill nua a mhealladh ar an bhfóram Eagraíodh toghcháin mar ar toghadh baill den líonra ar bhord Chomhpháirtíocht LEADER Lú.

Déanann baill an fhórait/an líonra ionadaíocht ar son na hearnála pobail agus deonaí ar:

- Bord Fiontair Contae Lú
- Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí
- Comhchoistí Póilíneachta
- SPCanna Chomhairle Contae Lú
- MPCanna Chomhairle Baile Dhún Dealgan
- Coiste Cúram Leanaí Chontae Lú
- An Fóram Pobail Náisiúnta
- An Fóram Pobail Réigiúnach

- Comhpháirtíocht LEADER Lú

An Grúpa Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe

Athbhunaíodh an grúpa seo in Aibreán/i mBealtaine 2010. Tá athbhreithniú ar siúl an bPlean Gníomhaíochta Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe 2010-2013 agus ar na nithe ar éirigh leis a bhaint amach go dtí seo tá críoch a chur le Tionscadal Idirghníomhaireachta Lú do Thaistealaithe a mhaoinigh Pobal. Ainmníodh ionadaí Taistealaí ón ngrúpa ar Chomhpháirtíocht Síochána & Athmhuintearais Lú.

Scéim Pobail na nAláram Deataigh

Cuireadh breis is 400 aláram deataigh agus aláram do dhaoine bodhra agus do dhaoine ar lagéisteacht faoin scéim seo le cúnamh Chomhordaitheoirí RAPID, grúpaí Pobail agus Deonaí, agus Seirbhís Dóiteáin Údarás Áitiúla Lú.

Sparánachtaí Oideachais

Bronnann Comhairle Contae Lú, le cúnamh ó Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus ó Chomhairle Baile Dhún Dealgan, sparánachtaí oideachais ar dhaoine nach mbeadh ar a gcumas leas a bhaint as oideachas tríú leibhéal gan na sparánachtaí sin. Bronnadh sé sparánacht bhreise sa bhliain 2011.

Táblaí agus Aguisíní

Príomhtháscairí Feidhmíochta

AN TSEIRBHÍS DÓITEÁIN	2009	2010	2011
F1: Slógadh na Seirbhíse Dóiteáin			
A. An mheántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás dóiteáin	2.06	2.13	2.94
B. An mheántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha i gcás dóiteáin	3.97	3.85	3.81
C. An mheántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i gcás gach teagmhas éigeandála eile	1.6	2.12	3.1
D. An mheántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choimeádta) i gcás gach teagmhas éigeandála eile	3.84	4.12	5.43
F.2 An Céatadán Láithreachta ag Ionaid			
A. Céatadán na gcásanna dóiteáin inar sroicheadh an t-ionad laistigh de 10 nóiméad	71.85	65.95	63.68
B. Céatadán na gcásanna dóiteáin inar sroicheadh an t-ionad tar éis 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad	30.57	29.36	28.03
C. Céatadán na gcásanna dóiteáin inar sroicheadh an t-ionad tar éis 20 nóiméad	3.26	4.69	8.29
D. Céatadán na dteagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an t-ionad laistigh de 10 nóiméad	54.36	49.84	41.00
E. Céatadán na dteagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an t-ionad tar éis 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad	40.27	40.63	41.42
F. Céatadán na gcásanna i gcás gach teagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad	5.37	9.52	17.57
F.3 Cosc Dóiteáin			
A. Uimhir iomlán na n-iarratas a fuarthas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán	96	117	111
B. Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán arna bpróiseáil (lena n-áirítear cásanna neamhbhailí)	96	111	99
C. Líon iomlán na n-iarratas bailí	7	4	12

RANNPHÁIRTÍOCHT PHOBAIL	2009	2010	2011
CP.1 Rannpháirtíocht i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg			
Céatadán na scoileanna áitiúla agus na ngrúpaí óige atá bainteach le scéim Chomhairle na nÓg	65.52	95.45	95.45
		<i>Ta méadú suntasach a CNN KPI ngeall a dheontas i fuaireamar i OMCYA a chuir ar ár gcuma: oifigeach forbartha i fhostú tar éis próisea tairiscint oifigeach d'oirbhrigh li scoileanna agus le grúpaí a annamh i chloistear uathu le gn bhféadfaid bheith rannpháirteach gComhairle na nÓg</i>	
CP.2 Grúpaí atá cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach			
Líon na ngrúpaí atá cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach	108	165	169

CEISTEANNA CORPARÁIDEACHA	2009	2010	2011
C.1 Laethanta Oibre a cailleadh de dheasca Breoiteachta			
A. Céatadán na laethanta oibre a cailleadh trí shaoire bhreoiteachta dheimhniithe	4.27	3.93	4.81
B. Céatadán na laethanta oibre a cailleadh trí shaoire bhreoiteachta dheimhniithe	0.79	0.63	0.80
C.2 Oiliúint agus Forás na Foirne			
Caiteachas ar Oiliúint agus ar Fhorbairt mar chéatadán de chostas iomlán an phárolla	3.75	3.12	2.80

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL	2009	2010	2011
UISCE			
E. 1 Uisce Gan Tásc			
Uisce gan tásc mar chéatadán den uisce ar fad a sholáthraítear faoi scéimeanna soláthar uisce faoi chúraman údaráis áitiúil	47.14	42.89	41.39
E.2 Anailís ar Uisce Óil			
A. Céatadán de thorthaí na hanailíse ar uisce óil i gcomhlíonadh riachtanas reachtúil i dtaca le	Fig to come from EPA	98.97	99.10

scéimeanna poiblí			
B. Céatadán de thorthaí na hanailíse ar uisce óil i gcomhlíonadh riachtanas reachtúil i dtaca le scéimeanna príobháideacha (de réir mar is cuí)	Fig to come from EPA	96.60	99.40

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

E.3 Leithscaradh Dramhaíola*

PRÍOBHÁIDITHE. C.C.L.

A. Céatadán an líonta tí a fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola agus a fhaigheann bailiúchán dramhaíola leithscartha d'ábhair in-athchúrsáilte tirime	92.72	91.20	91.57
B. Céatadán na líonta tí a fhaigheann seirbhís bailithe dramhaíola agus a fhaigheann bailiúchán dramhaíola leithscartha d'ábhair orgánach	27.79	27.83	26.74

E4: Dramhaíl Teaghlaigh a Cuireadh ar Aghaidh lena nAthchúrsáil

A. Céatadán de dhramhaíl teaghlaigh a bailíodh ó cholbha an chosáin, agus a chuirtear ar aghaidh lena hathchúrsáil	47.10	20.51	19.43
B. Tonnáiste de dhramhaíl teaghlaigh a bailíodh ó cholbha an chosáin, agus a churtear ar aghaidh lena hathchúrsáil	8968	6029.00	5649.61
C. Tonnáiste dramhaíola teaghlaigh athchúrsáilte, a thagann ó dhramhaíl bailithe ó shaoráidí athchúrsála (.i. bainc beir leat, ionaid conláiste cathartha, stáisiúin aistrithe agus saoráidí athchúrsála eile)	15724	16268.00	14663.68

E5: Dramhaíl Teaghlaigh a Tugadh ar Shiúl chuig Láithreacha Líonta Talún

A. An céatadán dramhaíola teaghlaigh bailithe a chuirtear chuig láthair líonta talún	60.19	51.49	67.23
B. An tonnáiste dramhaíola teaghlaigh bailithe a chuirtear chuig láithreacha líonta talún	19735	15134.00	19545.57

E6: Saoráidí Athchúrsála

Líon iomlán na Láithreacha Beir Leat i gceantar an údaráis áitiúil	42	42	42
Líon iomlán na Láithreacha Conláiste Cathartha i gceantar an údaráis áitiúil	2	2	2
Gloine			
A. Líon na nIonad Beir Leat athchúrsála	37	37	37
B. Líon na nIonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	2
C. Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	39	39	39
D. Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	1.75	1.75	1.59

Cannaí			
E. Líon na nlonad Beir Leat athchúrsála	42	42	42
F. Líon na nlonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	2
G. Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	44	44	44
H. Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	1.98	1.98	1.79
Teicstílí			
I. Líon na nlonad Beir Leat athchúrsála	0	0	0
J. Líon na nlonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	2
K. Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	2	2	2
L. Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.09	0.09	0.08
Batairí			
M. Líon na nlonad Beir Leat athchúrsála	0	0	0
N. Líon na nlonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	2
O. Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	2	2	2
P. Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.09	0.09	0.08
Olaí			
Q. Líon na nlonad Beir Leat athchúrsála	0	0	0
R. Líon na nlonad Conláiste Cathartha athchúrsála	2	2	2
S. Líon iomlán na saoráidí athchúrsála	2	2	2
T. Líon na láithreacha athchúrsála in aghaidh gach 5,000 de dhaonra	0.09	0.09	0.08
Ábhair Eile			
